



**Health
Information
and Quality
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis
agus Cáilíocht Sláinte

Regulation of
Health and Social
Care Services

An Gá atá le hAthchóiriú Rialála

Achoimre ar thuarascálacha agus
foilseacháin HIQA a scrúdaíonn an cás chun
an creat rialála do sheirbhísí cúraim
shóisialta a athchóiriú

Lúnasa 2021

Safer Better Care

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)

Is údarás reachtúil neamhspleách é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) a bunaíodh chun sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun leasa sláinte agus leasa an phobail.

Tá raon leathan seirbhísí san earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach san áireamh i sainordú HIQA go dtí seo. Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag plé leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus an Óige, tá HIQA freagrach as an méid seo a leanas:

- **Caighdeán a leagan síos do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta** - Caighdeán agus treoir duine-lárnach a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar dheachleachtas idirnáisiúnta, do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil** - Tá an Príomhchigire laistigh de HIQA freagrach as seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus aonaid chúraim speisialta leanaí a chlárú agus a iniúchadh.
- **Seirbhísí sláinte a rialáil** - Nochtadh míochaine do radaíocht ianaíoch a rialáil.
- **Seirbhísí monatóireachta** - Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta leanaí, agus imscrúdú a dhéanamh de réir mar is gá ar ábhair imní thromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a úsáideann na seirbhísí seo.
- **Measúnú teicneolaíochta sláinte** - Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus chostéifeachtúlachta na gclár sláinte, na mbeartas, na gcógas, an trealaimh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosanta sláinte, agus comhairle a sholáthar chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus na torthaí is fearr a thabhairt do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte.
- **Faisnéis sláinte** - Comhairle a thabhairt maidir le faisnéis sláinte a bhailiú agus a roinnt go héifeachtúil, caighdeán a leagan síos, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú ar sheachadadh agus ar fheidhmíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.
- **An Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim** - Suirbhéanna náisiúnta ar eispéireas úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí sláinte, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus FSS.

Clár Ábhair

Réamhrá	5
Faoin tuarascáil	5
An earnáil cúraim shóisialta	7
Rialacháin agus caighdeáin.....	8
Forbhreathnú ar an earnáil cúraim shóisialta	9
An gá atá le hathchóiriú rialála.....	15
Sainmhíniú ar ionaid ainmnithe.....	15
Seirbhísí a rialáil seachas ionaid a rialáil	18
Athbhreithniú rialta ar rialacháin	20
Fógraí reachtúla	24
Géarú agus forfheidhmiú.....	25
Creat freagrachta	26
Sláintecare	27
Ualach rialála.....	29
Conclúid	31
Tagairtí	35

Réamhrá

Mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, arna leasú (an tAcht), is é cuspóir HIQA sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta chun leasa sláinte agus leasa an phobail. Ina theannta sin, tá ról lárnach ag HIQA maidir le cinntí bunaithe ar fhianaise a threorú agus tionchar a imirt orthu ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Sa tuarascáil seo tugtar achoimre ar eispéireas HIQA maidir le seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil le 10 mbliana anuas agus na hathruithe atá riachtanach chun an rialáil a bheith oiriúnach don fheidhm sa todhchaí.

Is é príomhchuspóir na rialála an pobal a chosaint. De réir dlínsí eile, agus de réir tuairiscí ar mhainneachtainí roinnt seirbhísí daoine leochaileacha a chosaint, chuir an Stát tús le clár chun seirbhísí áirithe a rialáil, i gcás gur chreid sé gur gá daoine a chosaint agus a gcearta a chosaint. D'fhéadfadh gur daoine scothaosta agus cleithiúnacha iad seo, daoine faoi mhíchumas,* nó leanaí atá faoi chúram an Stáit. De réir a oibleagáide reachtúla, chuir HIQA feabhas breise ar a ról i gcur chun cinn agus i gcosaint chearta daonna saoránach agus iad ag fáil seirbhísí cúraim shóisialta, trína léirmhíniú ar dhualgas na hearnála poiblí meas a bheith acu ar chearta an duine faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Faoin tuarascáil

Tá athrú ag teacht ar chúram sóisialta in Éirinn. Tá dúshlán roimh an gcur chuige institiúideach agus cónaithe i leith cúram a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireann an HIQA fáilte roimh an dúshlán seo mar léiríonn sé an chaoi a dtacaímid, mar shoचाई, leis na daoine is leochailí.

Ó mhí an Mhárta 2020, b'éigean d'Éirinn aghaidh a thabhairt ar theacht an choróinviris an-tógálaigh, COVID-19. Chonaic HIQA go pearsanta an tionchar as cuimse a bhí aige seo, agus a leanann de bheith aige, ar chónaitheoirí in ionaid ainmnithe agus ar a dteaghlaigh. Maidir leis seo, tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar roinnt comhpháirteanna lárnacha den athchóiriú rialála ar gá aird phráinneach a thabhairt orthu. Cé gur leag COVID-19 béim ar laigí sa reachtaíocht agus sna rialacháin a sholáthraíonn an sásra chun seirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn a rialáil, bhí go leor laigí i láthair le roinnt blianta anuas mar gheall ar nádúr agus soláthar seirbhísí sóisialta atá ag teacht chun cinn.

Sa tuarascáil seo, tugtar forbheathnú leathan ar an earnáil chúraim shóisialta in Éirinn agus ar na rialacháin agus na caighdeáin lena rialaítear a soláthar. Leagtar

* Tá feidhm ag Rialacháin IR Uimh. 367/2013 - An tAcht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Daoine Fásta) faoi Mhíchumas) 2013 maidir le leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu in ionaid ainmnithe.

amach ann argóint ar son athchóiriú rialála trí na dúshlán a bhíonn ag an bPríomhchigire a léiriú agus iniúchadh á dhéanamh ar chomhlíonadh rialachán nach bhfuil go hiomlán éifeachtach. Ar bhealach, níl na rialacháin ag coinneáil suas le nádúr athraitheach na seirbhísí. Ina theannta sin, níl roinnt rialachán ailínithe le príomhchuspóir beartais Sláintecare `an cúram ceart a fháil, san áit cheart, ag an am ceart⁽¹⁾ agus sa bhreis air seo, tá argóint láidir ann freisin maidir le beartas cuimsitheach, comhtháite cúraim shóisialta a chomhlánaíonn an leathnú den chúram sóisialta Sláintecare.

Cuirtear béim freisin sa tuarascáil ar roinnt príomhréimsí ina bhfuil gá le cuntasacht níos mó i dtéarmaí soláthar agus coimisiúnú seirbhísí sóisialta. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo cabhrú le lucht déanta beartas córas rialála a dheardh atá aclaí, gabhálach, frithghníomhach le hathrú agus comhréireach ina fhreagra, agus a chinntiú ag an am céanna go seasfar le cearta na ndaoine a úsáideann seirbhísí.

Go príomha, tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo:

- athbhreithniú cuimsitheach ar na rialacháin reatha a bhaineann le seirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn, agus próiseas athbhreithnithe rialta a bhunú
- athchóiriú an Achta Sláinte 2007 chun an tírdhreach athraitheach i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur san áireamh
- rialachán a thabhairt isteach i gcineálacha eile cúraim nach bhfuil rialáilte faoi láthair agus a bhféadfadh úsáideoirí seirbhíse a bheith leochaileach
- creat ina ndéantar idirdhealú soiléir idir ceannaitheoir agus soláthraí seirbhísí mar aon le socruithe soiléire rialachais agus cuntasachta
- breithniú a dhéanamh do bheartas cuimsitheach comhtháite cúraim shóisialta a fhorbairt a mheasann cúram sóisialta ina iomláine ar aon dul le Sláintecare.

Maidir le COVID-19, chuir HIQA a thuairimí faoi bhráid an Rialtais maidir le conas a d'fhéadfaí rialacháin a leasú agus a fheabhsú d'fhonn príomhréimsí a bhaineann leis an bpaindéim a neartú, mar shampla, rialú ionfhabhtaithe, soláthar foirne, rialachas agus maoirseacht chliniciúil. Ba cheart breathnú ar an tuarascáil seo mar thuarascáil ar leithligh, éagsúil ó aon cheanglais láithreacha nó eatramhacha a bhaineann le COVID-19.

An earnáil cúraim shóisialta

Is téarma leathan é cúram sóisialta in Éirinn ina chuimsítear seirbhísí do raon leathan daoine lena n-áirítear leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta. Le déanaí, glac an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus an Óige freagracht as seirbhísí míchumais chónaithe. Beag beann ar an athstruchtúrú seo, fanann treo, soláthar agus cuspóirí an chúraim shóisialta in Éirinn agus ról HIQA mar an gcéanna, le roinnt seirbhísí ar fud ranna á rialú agus á n-iniúchadh ag an bPríomhchigire. Sainmhínítear na seirbhísí atá faoi réir rialála san Acht Sláinte agus tugtar 'ionaid ainmnithe' orthu, ina n-áirítear:

- tithe altranais
- seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas
- aonaid chúraim speisialta do leanaí.

I gceist leis an rialáil ar ionad ainmnithe tá iniúchadh agus clárú, chomh maith le faisnéis a fháil agus, nuair is gá, forfheidhmiú. I measc na n-iniúchtaí tá foireann HIQA ag tabhairt cuairte ar ionaid ainmnithe agus ag bailiú faisnéise faoi cibé an bhfuil an tseirbhís ag comhlíonadh na rialachán agus ag freastal ar riachtanais na ndaoine a úsáideann an tseirbhís. Ciallaíonn clárú na n-ionad ainmnithe go ndearna an Príomhchigire an t-ionad a mheas mar ionad atá sách comhlíontach leis na rialacháin tráth an chlárú, agus dá bhrí sin measann sé go bhfuil an soláthraí oiriúnach chun an tseirbhís a sholáthar.

Coinníonn an Príomhchigire clár d'ionaid ainmnithe a ndearnadh cigireacht orthu agus a mheastar a chomhlíonann an comhlíonadh rialála atá riachtanach le haghaidh clárúcháin. Is cuid ríthábhachtach de rialáil seirbhísí í faisnéis a fháil agus a athbhreithniú. Faigheann an Príomhchigire faisnéis ó raon foinsí a mheas, déanann sí í a anailísiú agus a mheasúnú ó thaobh riosca de. Úsáidtear faisnéis den sórt sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm fógraí reachtúla nó faisnéise gan iarraidh, chun imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a aithint a raibh tionchar acu nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláinte, shábháilteacht agus fholláine na ndaoine a úsáideann seirbhísí.

Foilsíonn HIQA tuarascálacha ar gach iniúchadh ar ionaid ainmnithe.[†] Déantar bainistíocht mhaith ar fhormhór na seirbhísí agus soláthraíonn siad cúram ar ardchaighdeán. Tá raon roghanna ar fáil i gcás ina n-aimsítear nach gcomhlíonann seirbhís na rialacháin. D'fhéadfadh seirbhísí den sórt sin a bheith faoi réir cigireachtaí níos rialta agus monatóireacht níos dlúithe a dhéanamh orthu, agus féadfar a iarraidh ar sholáthraithe seirbhíse faisnéis a chur faoi bhráid an Phríomhchigire ar bhonn rialta, ag tabhairt mionsonraí ar an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar

[†] Ní fhoilsítear líon an-bheag tuarascálacha cigireachta má tá faisnéis inaitheanta iontu. Déantar é seo chun príobháideacht na gcónaitheoirí a chosaint.

neamhchomhlíonadh. I gcásanna neamhchomhlíonta thromchúisigh a chuireann sláinte nó folláine cónaitheoirí i gcontúirt, féadfaidh an Príomhchigire coinníollacha sriantacha a fhorchur ar ionad, ar nós líon na n-iontrálacha a theorannú. I ndeireadh na dála, féadtar clárúchán na n-ionad ainmnithe a chealú, rud a chiallaíonn go gcaithfidh an tseirbhís deireadh a chur le hoibríochtaí nó go gcaithfidh soláthróir seirbhíse malartach í a ghlacadh ar láimh.

Faoi láthair in Éirinn, níl aon bheartas ná reachtaíocht uileghabhálach cúraim shóisialta ann ina leagtar amach go soiléir cén ról atá ag an Stát maidir le sainnithint agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúraim shóisialta a dhaonraí scothaosta agus níos leochailí. I roinnt cásanna, is é an easpa soiléireachta seo maidir le freagracht an Stáit ba chúis leis na neamhrialtachtaí a ndéantar cur síos orthu níos déanaí sa pháipéar seo. Cuireann an easpa soiléireachta cosc freisin ar bhealach comhleanúnach straitéiseach a fhorbairt chun seirbhísí a phleanáil do dhaoine aonair agus do phobail. Cuidíonn an clár Sláintecare de chuid an Stáit go mór le tabhairt faoi seo nuair a labhraíonn sé ar chúram duine-lárnaithe san 'áit cheart' agus ag an 'am ceart'. Teastaíonn creat cuimsitheach reachtaíochta dár gcóras cúraim shóisialta a thugann aghaidh ar chearta daoine aonair, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar seirbhísí a phleanáil agus a mhaoiniú.

Rialacháin agus caighdeáin

Tá gach ionad ainmnithe faoi réir rialachán agus caighdeán ina leagtar amach conas a chaithfidh siad a seirbhís a oibriú agus an méid ba cheart duine a bheith ag súil leis agus seirbhís á úsáid. Is minic a úsáidtear na téarmaí 'rialacháin' agus 'caighdeáin' go hidirmhalartaithe, ach i gcomhthéacs an chúraim shóisialta in Éirinn, tá idirdhealú tábhachtach ann. Déanann an tAire Sláinte rialacháin a cheapadh agus a thabhairt isteach trí ionstraim reachtúil. Go bunúsach, is ionstraimí lárnacha iad trína bhféachann an Rialtas lena thosaíochtaí beartais a sheachadadh. Tá rialacháin is infheidhme ó thaobh dlí de agus caithfidh gach ionad ainmnithe iad a chomhlíonadh. Sna rialacháin, leagtar amach na buncheanglais maidir le seirbhís agus féadtar iad a mheas mar íosleibhéal cáilíochta agus sábháilteachta.

Ar an láimh eile, le caighdeáin, bíonn an barra maidir le cáilíocht agus sábháilteacht beagán níos airde ná a bhíonn leis na rialacháin. Déanann HIQA iad a cheapadh trí phróiseas taighde agus comhairliúcháin le raon páirtithe leasmhara agus is é an tAire Sláinte a fhorghéannaíonn iad. Níl caighdeáin infheidhmithe go dlíthiúil, ach ba cheart do gach ionad ainmnithe a ndícheall a dhéanamh na caighdeáin a chomhlíonadh. Léiríonn na samplaí i dTábla 1 thíos cuid de na difríochtaí idir rialacháin agus caighdeáin d'ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta.

Tábla 1 - Rialacháin agus caighdeáin i dtithe altranais

	Rialacháin ⁽²⁾	Caighdeáin ⁽³⁾
Bia agus cothú	18. (2) Soláthróidh an duine atá i gceannas béilí, sólaistí agus sneaiceanna i gcónaí.	2.2 Freastalaítear ar riachtanais gach cónaitheora maidir le hidráitiú agus cothú agus is eispéireas taitneamhach é am béile.
Gníomhaíochtaí agus caitheamh aimsire	(2) Soláthróidh an soláthraí cláraithe do chónaitheoirí - (a) saoráidí gairme agus áineasa, agus (b) deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí de réir a gcuid spéiseanna agus inniúlachtaí.	4.2 Tugtar rogha do gach cónaitheoir gníomhaíochtaí áineasa agus spreagthacha iomchuí chun freastal ar a riachtanais agus a roghanna.
Oiliúint foirne	16. (1) Áiritheoidh an duine atá i gceannas - (a) go bhfuil rochtain ag baill foirne ar oiliúint chuí.	7.4 Cuirtear oiliúint ar fáil don fhoireann chun torthaí a fheabhsú do gach cónaitheoir.

Forbhreathnú ar an earnáil cúraim shóisialta


Sa chuid seo a leanas, tugtar tuairisc ar na cineálacha ionad ainmnithe atá cláraithe agus rialaithe ag an bPríomhchigire.

Ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas

Chuir HIQA tús le rialáil seirbhísí míchumais chónaithe in 2013. De ghnáth is seirbhísí fadtéarmacha cónaithe nó faoisimh iad na hionaid seo a thugann aire do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, fisiceach nó céadfach. Cuirtear formhór na seirbhísí ar fáil do dhaoine fásta; tá líon beag ionad ann a fhreastalaíonn go sonrath ar leanaí agus tá cuid eile acu a fhreastalaíonn ar mheascán d'aoisigh agus de leanaí. Faoi láthair,[‡] tá 1,326 ionad cláraithe ag soláthar 9,194 leaba san iomlán.

[‡] Sonraí ceart amhail an 23 Deireadh Fómhair 2020

Fíor 1 - Miondealú ar sheirbhísí agus leapacha do dhaoine faoi mhíchumas




Tá éagsúlacht ag baint le hionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Soláthraíonn na hionaid is lú seirbhís do dhuine amháin; tá an t-ionad is mó cláraithe chun cúram a thabhairt do 43 duine. Taispeántar meánlíon na leapacha do gach cineál seirbhíse míchumais i bhFíor 2. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil soláthar suíomhanna cúraim chomhchruinnithe campas-bhunaithe ann fós. Tá 14 suíomh campais-bhunaithe in Éirinn le níos mó ná 50 leaba cláraithe, agus an ceann is mó ag soláthar 146 leaba cláraithe i suíomh campais-bhunaithe amháin.


Is iad soláthraithe deonacha neamhbhrabúis a sholáthraíonn seirbhísí míchumais den chuid is mó. Maoinítear iad seo trí bhlocdheontas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) trí fhorálacha, ar a dtugtar shocruithe Alt 38 agus 39 faoin Acht Sláinte 2004. Tá 68 soláthróir deonach ann a oibríonn 1,025 ionad ar fud na tíre. Tá 140 ionad ann a oibríonn FSS. Oibríonn 16 sholáthraí éagsúla an 162 ionad eile ar bhonn príobháideach (féach Fíor 2). Ina theannta sin, faoin gcóras reatha, tá inathraitheacht sa mhéid atá san áireamh sa chonradh cúraim d'áitritheoirí laistigh de sheirbhísí agus tá táillí agus muirir bhreise ar fud na hearnála.

Fíor 2 - Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas: meán leapacha agus cineál an tsoláthraí



Ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta

Chuir HIQA tús le rialáil tithe altranais in 2009. De ghnáth soláthraíonn na hionaid seo cúram cónaithe do dhaoine scothaosta. Soláthraíonn an chuid is mó de thithe altranais do bhunriachtanais na gcónaitheoirí, lena n-áirítear béilí, cúram pearsanta, cúram altranais agus gníomhaíochtaí áineasa. Soláthraíonn roinnt tithe altranais seirbhísí breise cosúil le faoisimh, nó chun freastal ar riachtanais shonracha de dhaoine a bhfuil néaltrú orthu nó gortú inchinne faighte.




Is iad oibreoirí príobháideacha a ritheann tithe altranais go príomha agus maoinítear iad tríd an Scém Tacaíochta Tithe Altranais (ar a dtugtar 'Fair Deal' *Cothrom na Féinne* freisin). Oibríonn FSS agus soláthraithe deonacha arna maoiniú ag FSS tithe altranais freisin. Faoi láthair tá 574 teach altranais cláraithe sa tír, le naoi leaba sa cheann is lú, agus 184 sa cheann is mó. Tá meánlíon na leapacha i dtithe altranais díreach os cionn 56.

Próifíl athraitheach earnáil na dtithe altranais

Thug an Príomhchigire faoi deara treocht in earnáil na dtithe altranais i dtreo comhdhlúthaithe. Ciallaíonn sé seo go bhfuil roinnt soláthraithe móra freagrach as tithe altranais iomadúla, agus tá fás ag teacht ar na huimhreacha seo. Tá soláthraithe an ghrúpa ag fáil tithe altranais ar le soláthraithe níos lú iad agus tá infheistíocht sheachtrach á úsáid acu chun áiseanna nua a thógáil.

Ailínithe leis seo tá an treocht i dtreo tithe altranais níos mó. Tá méadú tagtha ar mheánlíon na leapacha i dtithe altranais ar fud na tíre gach bliain le cúig bliana anuas. I sonraí 2019 taispeántar gur gnách go mbíonn tithe altranais nua níos mó i dtéarmaí líon na leapacha. As an 10 n-ionad nua a cláraíodh in 2019, bhí líon leapacha os cionn an mheáin náisiúnta ag ocht gcinn.



Lean an treocht i dtreo soláthraithe níos mó in earnáil na dtithe altranais i rith 2020. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis seo. In 2011, chuaigh slabhra mór tithe cúraim sa Ríocht Aontaithe a sholáthraíonn cúram do 37,000 duine faoi leachtú. Bhí méadú de 1,000% tagtha ar an slabhra seo sna 10 mbliana roimhe sin. Cé nár dhún ach líon beag áiseanna, chruthaigh sé imní suntasach san earnáil cúraim shóisialta. Dá dteipfeadh ar an soláthraí seirbhíse seo chuirfeadh sé brú ollmhór ar an gcóras

cúraim shóisialta, agus bheadh an dliteanas deiridh as cúram a sholáthar ag an stát. Mar thoradh air sin, leis an Care Act 2014 de chuid na Ríochta Aontaithe, bunaíodh 'maoirseacht ar an margadh'⁽⁴⁾ córas chun inmharthanacht airgeadais soláthraithe áirithe a urramú. Ina ainneoin sin, in 2019, chuaigh soláthróir mór eile de níos mó ná 10,000 socrúchán do dhaoine scothaosta faoi leachtú freisin.

I bhfianaise eispéireas na Ríochta Aontaithe agus an treocht atá ag fás in Éirinn, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do na rioscaí a bhaineann le saoráidí cúraim a dhíriú laistigh de líon beag soláthraithe móra. Baineann na rioscaí seo leis an tionchar ar an gcóras cúraim shóisialta nuair a dhéantar seirbhísí a leachtú agus an imní a bhíonn ar chónaitheoirí agus ar theaghlaigh dá bharr nuair a chaithfear saoráidí cúraim malartacha a aimsiú. Aithníodh go bhfuil an comhdhlúthú seo in úinéireacht ina chúis le deacrachtaí suntasacha do rialtóirí i bhfianaise na bpatrún úinéireachta casta agus athraitheach.⁽⁵⁾ Go deimhin, bhí roinnt deacrachtaí ag HIQA le déanaí maidir le cé hé an t-aonán dlíthiúil atá freagrach as seirbhís a sholáthar. Mar sin is ábhar imní an-dáiríre í an fhorbairt seo d'earnáil cúraim shóisialta na hÉireann.

D'ainneoin phróifíl athraitheach na saoráidí cúraim in Éirinn agus na rioscaí a ghabhann leo, neartaigh an paidéim COVID-19 an argóint maidir le hathstruchtúru samhlaigh cúraim do dhaoine scothaosta ar bhealach a sholáthraíonn do thacaíochtaí éagsúla, ag amanna éagsúla, bunaithe ar chumas an duine aonair agus riachtanas. Tá an riachtanas maidir le samhlaigh cúraim atá éagsúil agus fíor-lárnach don duine leabaithe inár n-argóint ar son athchóiriú rialála. Seo a leanas liosta gairid de na cineálacha éagsúla cúraim shóisialta a chuirtear ar fáil in Éirinn faoi láthair agus nach ndéantar a rialáil go foirmiúil.

Sciath-thithíocht agus maireachtáil chuidithe nó le tacaíocht

Cóiríocht a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais chúraim agus tacaíochta ar leibhéal íseal acu. Go hiondúil bíonn siad comhlonnaithe le haonaid chóiríochta eile dá leithéid le líon beag foirne ar an láithreán.

Cúnamh pearsanta

Seirbhís phearsanta, de ghnáth do dhaoine faoi mhíchumas, a chuirtear ar fáil chun an duine a éascú le maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir. Ní chuirtear aon chóiríocht ar fáil agus tá an cúram ar bhonn duine le duine agus faoi stiúir an úsáideora seirbhíse.

Seirbhísí lae

Seirbhís phobalbhunaithe a chuirtear ar fáil go minic i suíomhanna grúpa ina dtagann daoine le chéile chun dul i mbun gníomhaíochtaí faoi mhaoirseacht lasmuigh dá dtithe nó a n-áiteanna cónaithe féin.

Cúram Baile

Seirbhísí cúraim agus tacaíochta duine le duine a sholáthar a sholáthraíonn foireann oilte i dteach úsáideora seirbhíse. Féachann Sláintecare le tacú le daoine fanacht ina gcónaí ina dtithe féin trí chúnaimh a sholáthar le gníomhaíochtaí a bhaineann le maireachtáil laethúil.

Comhroinnt tí

Téarma leathan is ea comhroinnt tí (dá ngairtear socrúchán d'aoisigh uaireanta) a thagraíonn do shocruithe, trína bhfanann duine faoi mhíchumas le teaghlach óstach. I measc na dtéarmaí eile tá 'mairachtáil chomhroinnte', 'faoisimh teaghlach-bhunaithe' nó 'sosanna gearra um chomhroinnt tí'. Tá socruithe den sórt sin gearrthéarmach agus éascaíonn eagraíocht dheonach iad a mheaitseáilann duine faoi mhíchumas le teaghlach óstach.

Faoiseamh

De ghnáth, is socrúchán cónaithe gearrthéarmach é cúram faoisimh a chuirtear ar fáil do dhuine a dtugtar cúram dó sa bhaile de ghnáth.

Aonaid ghearrfhanachta nó téarnaimh nó céim síos

De ghnáth is socrú sealadach iad na cineálacha seirbhísí seo inar féidir freastal ar othair atá ag téarnamh ó bhreiteacht gan gá le géarchúram. Uaireanta bíonn na seirbhísí seo suite in aice le hospidéal agus bíonn siad á reáchtáil ag an stát go príomha.

Ospís agus nó cúram maolaitheach

Tá sé mar aidhm ag cúram ospíse agus nó maolaitheach is minice a chuirtear ar fáil san earnáil dheonach feabhas a chur ar shaol na ndaoine sin a bhfuil a dtinneas do-ghlactha.

Seirbhís ina bhfuil duine ina cónaí leo

Is cineál solúbtha seirbhíse é seo ina mbeidh cúramóir ina chónaí i dteach duine agus ag soláthar tacaíochta pearsanta (mar shampla, sláinteachas pearsanta) agus praiticiúil dóibh (mar shampla, tascanna tí) mar mhalairt ar íocaíocht agus ar chóiríocht. Éilíonn an tseirbhís seo ar an duine a bheith compordach le duine a roinneann a theach agus go ginearálta soláthraítear é do dhaoine a bhfuil riachtanais tacaíochta ísle go measartha acu.

An gá atá le hathchóiriú rialála

Tá HIQA ag plé le rialáil agus monatóireacht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta éagsúla le breis agus 10 mbliana. Tá neart eolais ann anois maidir le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí de bharr na taithí a fuarthas maidir le hiniúchadh agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialachán agus caighdeán. Thug sé deis dúinn freisin léargas a fhorbairt ar an gcaoi a bhfuil an creat rialála ag freastal ar leasanna na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn seirbhísí. Tá HIQA tar éis na léargais seo a roinnt le roinnt blianta anuas ar bhealaí éagsúla, mar shampla foilseacháin, tuarascálacha bliantúla, agus inár ngealltanais le príomhpháirtithe leasmhara éagsúla. Tabharfaidh an chuid seo a leanas breac-chuntas ar chuid de na léargais sin agus molfaidh siad, le chéile, go mbeidh siad ina argóint áititheach maidir le hathchóirithe forleathana ar rialáil seirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn.

Sainmhíniú ar ionaid ainmnithe

Is é an tAcht Sláinte 2007, arna leasú, an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear rialáil seirbhísí cúraim shóisialta. Leagtar amach san Acht *inter alia* cumhachtaí an Phríomhchigire, an bealach a gcláraítear seirbhísí, agus na cineálacha seirbhísí atá faoi réir rialála. D'fhonn a bheith cláraithe, caithfidh seirbhísí an sainmhíniú ar 'ionad ainmnithe' mar atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh. Tá an cuimsiú d'ionad ainmnithe ag brath ar an gcineál cúraim nó tacaíochta a chuirtear ar fáil.

I gcás tithe altranais do dhaoine scothaosta, tá an tAcht ag brath ar an sainmhíniú atá ar theach altranais ón Acht Sláinte (Tithe Altranais) 1990: 'institiúid chun cúram agus cothabháil a dhéanamh ar níos mó ná beirt dhaoine cleithiúnacha'.⁽⁶⁾ Tá eisiaimh áirithe i bhfeidhm, mar shampla, tithe do 'dhaoine meabhair-éislinneacha'[§] agus áiteanna ina bhfuil tromlach na ndaoine á gcóireáil le haghaidh géarbhreiteachta. Tá an sainmhíniú seo réasúnta simplí agus ní fhágann sé mórán spáis le haghaidh léirmhíniúcháin. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil roinnt dúshlán ann don sainmhíniú seo, ar nós cúraim faoisimh do dhaoine scothaosta, de bharr cineálacha áirithe cúraim.

Ar an gcaoi chéanna, tá seirbhísí a sholáthraíonn oird rialta chun freastal ar bhail níos sine den phobal reiligiúnach amháin (mar shampla, sagairt, mná rialta, deartháireacha,) eisiata go sonrach ón sainmhíniú, in ainneoin go bhfuil siad chomh leochaileach céanna.

Tá an sainmhíniú ar ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas i bhfad níos casta:

ciallaíonn 'lárionad ainmnithe foras'^{**} ...

[§] Is é 'daoine meabhair-éislinneacha' an téarmaíocht a úsáidtear san Acht Sláinte 2007 agus ní léiríonn sé an téarmaíocht a úsáideann HIQA.

^{**} Is é 'foras' an téarmaíocht a úsáidtear san Acht Sláinte 2007 agus ní léiríonn sé an téarmaíocht a úsáideann HIQA.

- (a) ina ndéanann an Fheidhmeannacht, soláthraí seirbhíse nó duine nach soláthraí seirbhíse ach a fhaigheann cúnamh faoi alt 39 den Acht Sláinte 2004 nó faoi alt 10 den Acht um Chúram Leanaí 1991 seirbhísí cónaithe a sholáthar—
(ii) do dhaoine faoi mhíchumas, i ndáil lena míchumais'.⁽⁷⁾

Tá roinnt príomhthéarmaí sa sainmhíniú seo nach mór a iniúchadh tuilleadh d'fhonn tuiscint a fháil ar chastacht lárionad ainmnithe a shainiú i gcomhthéacs samhlacha reatha agus forbartha seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Ar dtús, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt rudaí i gceist le foras, focal ba chóir a sheachaint anois agus soláthar seirbhísí cúraim shóisialta á phlé. Sonraíonn an tAcht cad is brí le foras, ina luaitear gurb é 'teach, lárionad nó foras nó cuid

de theach, de lárionad nó d'fhoras.' Cruthaítear deacracht leis an úsáid den fhocal 'teach': an féidir le duine maireachtáil ina theach féin ag an am céanna agus i seirbhís chónaithe? Is é dearcadh HIQA go dtagraíonn teach sa chomhthéacs seo do theach pobail nó grúpa, cosúil lena nádúr leis an bhfocal 'teach' a úsáid i dteach altranais. Bheadh sé tairbheach, áfach, soiléireacht níos fearr a fháil don sainmhíniú dlíthiúil.

Tá castacht eile i gceist leis an sainmhíniú seo ná easpa sainmhínithe ar 'seirbhís chónaithe'. De ghnáth bhí cineálacha traidisiúnta cúraim shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas i bhfoirm suíomhanna campais-bhunaithe ina raibh cónaí ar go leor daoine aonair agus a raibh cúram orthu ar bhealach comhchruinnithe. Is léir go n-oireann sé seo do choincheap na seirbhíse cónaithe. Mar gheall ar leasuithe ar sheirbhísí míchumais aistríodh ón tsamhail seo i dtreo seirbhísí pobalbhunaithe níos scaipthe le líon níos lú cónaitheoirí. D'fhéadfadh na cineálacha seirbhísí seo bheith an-difriúil óna céile: cúram cónaitheach lánaimseartha seacht lá do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta acu; seirbhísí páirtaimseartha (cúig lá/deireadh seachtaine) ina bhfreastalaíonn daoine ar sheirbhísí lae freisin; nó seirbhísí tacaíochta íosta nuair is féidir leis na cónaitheoirí leibhéal ard rogha agus uathriail a fheidhmiú. Is cineálacha éagsúla seirbhíse iad seo le próifíilí úsáideoirí seirbhíse an-éagsúil. Tá sé deacair a shamhlú conas a oireann cuid de na seirbhísí seo don chatagóir seirbhíse cónaithe. D'fhoilsigh HIQA treoir roimhe seo a shainmhíníonn seirbhís chónaithe mar chomhpháirt cúraim agus chóiríochta. Tarraingítear aird air seo, áfach, trína admháil go mb'fhéidir nach bhfuil daoine áirithe atá in ann smacht éifeachtach a fheidhmiú ar a saol laethúil ag maireachtáil i seirbhís chónaithe.

Déanann an sainmhíniú a fhoráiltear san Acht tagairt freisin do chúram a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas 'maidir lena míchumais'.⁽⁷⁾ Is cosúil go dtugann sé seo le tuiscint go gcaithfidh an tseirbhís a bheith dírithe ar riachtanais shonracha duine maidir lena mhíchumas. I ndeireadh na dála, mar thoradh ar an deacracht a

bhaineann leis an sainmhíniú seo a léirmhíniú, tá gá le roinnt príomhphointí a fhoirmiú ar cad a mheastar a bheith ina lárionad ainmnithe.

Is:

- a) cineál áirithe áite, ina bhfuil
- b) cineál seirbhíse áirithe
- c) ina soláthraíonn eintiteas áirithe
- d) do chineál duine áirithe.

Tá pointí b) agus c) réasúnta simplí i dtéarmaí na hearnála míchumas: is é an 'cineál' seirbhíse ceann a chuirtear ar fáil do dhuine faoi mhíchumas i ndáil lena mhíchumas. Is é an 'eintiteas' an soláthraí cláraithe atá freagrach go dlíthiúil as an tseirbhís a sholáthar. Le pointí a) agus d) a léirmhíniú, cuirtear béim ar an deacracht atá ann ionad ainmnithe a shainmhíniú i gcomhthéacs samhlacha cúraim agus tacaíochta nua agus atá ag teacht chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir leis an 'áit' bheith ina ghnáthshuíomh comhchruinnithe ina roinneann daoine seomraí codlata go minic i stíl suanleasa. Mar sin féin, d'fhéadfadh árasán a bheith i gceist freisin ina bhfuil an duine a fhaigheann an cúram ina chónaí ina aonar, nach bhfaigheann sé ach an tacaíocht is lú, agus is féidir leis teacht agus imeacht mar is mian leis.

Tugann sé seo muid ar aghaidh go pointe d): is daoine éagsúla iad na cineálacha daoine a bhfuil ina gcónaí i lárionaid ainmnithe. Tá daoine ann a bhfuil gach leibhéal riachtanas, cumais, tosaíochta agus uailmhéine acu. Cinnte, cheapfadh an tAcht agus na rialacháin mar a bhí beartaithe dóibh ar dtús an cineál duine a bhfuil cónaí air i lárionad ainmnithe mar dhuine le hardriachtanais tacaíochta a dteastaíonn cúram 24 uair an chloig uaidh. An próiseas chun seirbhísí a sheachadadh de réir a chéile, mar atá leagtha amach sa bheartas de chuid an FSS 'Am le bogadh ar aghaidh',⁽⁸⁾ ciallaíonn sé seo go bhfuil seirbhísí ag éirí i bhfad níos éagsúla anois, dírithe ar an duine agus go bhfuil siad níos lú atharthachta. Is dúshlán é seo don sainmhíniú reatha ar ionad ainmnithe, toisc go bhféadfaí breathnú níos réadúla ar líon suntasach seirbhísí mar sheirbhísí maireachtála cúnaimh nó tacaíochta baile. Ní rialaítear seirbhísí den sórt sin faoi láthair agus ní thairgeann siad na cosaintí céanna do dhaoine a úsáideann na seirbhísí seo. Ina theannta sin, beidh daoine atá ag aistriú isteach sna cineálacha seirbhísí seo ag bogadh ó thimpeallacht atá rialaithe go timpeallacht nach bhfuil.

Cuireann an bealach a ndéantar seirbhísí pobalbhunaithe a eagrú agus a riar ciseal eile castachta leis an gceist seo. Tá a fhios ag HIQA go bhfuil soláthraithe cláraithe ag fáil cóiríochta ar bhealaí éagsúla, ar nós léasaithe ó thiarnaí talún príobháideacha, tithíocht údaráis áitiúil agus maoiniú na Scéime Cúnaimh Chaipitil. Ciallaíonn sé seo

go bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil a sholáthraíonn an chóiríocht ar leithligh agus difriúil ón eintiteas a sholáthraíonn an cúram. Ina theannta sin, toisc go bhfuil comhaontuithe tionóntachta ag go leor úsáideoirí seirbhíse mar is ceart, tá cearta áirithe acu atá ar leithligh ón tsamhail rialála.

D'fhonn an t-ábhar seo a iniúchadh tuilleadh, rinne HIQA suirbhé ar na cigirí go léir chun ionaid a shainaithint nach gcomhlíonfadh an sainmhíniú ar lárionad ainmnithe, is é sin, seirbhísí ina bhfuil smacht substaintiúil ag na cónaitheoirí ar a saol laethúil agus a d'fhéadfadh leas a bhaint as samhail rialála dhifriúil. Fuair an suirbhé amach go bhféadfadh sé nach gcomhlíonfadh níos lú ná 1% (10 n-ionad) an sainmhíniú as thart ar 1,300 ionad ainmnithe. B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar 45 ionad breise chun a fháil amach an bhféadfaí cuid dá seirbhís a dhíchlarú. I dteannta a chéile, is ionann é seo agus cion beag seirbhísí agus úsáideoirí seirbhíse. Is é tuairim HIQA go bhféadfadh roinnt daoine a bhfuil cónaí orthu sna foirgnimh seo a bheith leochaileach agus go leanfaidh siad de bheith nuair a dhéantar seirbhísí a dhíchlarú nó má dhéantar iad a dhíchlarú. D'fhéadfadh sé a bheith ciallmhar an leochaileacht ionchasaigh seo a mheas faoi raon feidhme na rialála cúram baile san fhadtárma. Aithníonn sé seo gur bhog daoine faoi mhíchumas ó shuíomhanna institiúideacha nó cónaitheacha go suíomhanna pobail nó baile ar cheart, mar is amhlaidh i go leor tíortha eile, a thabhairt faoi chineál éigin rialála agus cosanta.

Mar atá an cleachtas i ndlínsí eile, bheadh cur chuige rialála níos fearr le sainmhíniú atá dírithe ar an raon iomlán seirbhísí cúraim a d'fhéadfaí a sholáthar, seachas ceann a dhíríonn ar an gcineál suíomh fisiceach nó institiúid.

Seirbhísí a rialáil seachas ionaid a rialáil

D'fhoilsigh HIQA dhá dhoiciméad in 2017^(9, 10) a ar féachadh ar machnamh a dhéanamh ar nádúr na rialála cúraim shóisialta in Éirinn agus ina ndearnadh achoimre ar na cineálacha cur chuige i roinnt tíortha eile. Cuireadh tús leis an dá dhoiciméad, ceann a bhaineann go sonrach le seirbhísí míchumais agus an ceann eile le seirbhísí daoine scothaosta, le plé ar an sainmhíniú ar ionad ainmnithe. Cosúil leis an gcuid thuas, leag na páipéir béim ar easnaimh an tsainmhínithe i gcomhthéacs cineálacha eile cúraim shóisialta do dhaoine leochaileacha. Ansin, tugadh breac-chuntas ar an staid i raon dlínsí eile i dtéarmaí na seirbhísí atá ar fáil agus an chaoi a ndéantar iad a rialáil.

Go ginearálta, aimsíodh go bhfuil raon níos éagsúla seirbhísí cúraim shóisialta ag tíortha eile do dhaonraí éagsúla, gach ceann acu le leibhéal éagsúla rialála nó meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta. Cuimsíonn seirbhísí den sórt sin na cineálacha cónaithe cúraim mar thithe altranais nó seirbhísí míchumais chónaithe in Éirinn. Ina theannta sin, tá cineálacha éagsúla cúram baile, cúram meabhairshláinte pobail, cúram lae agus maireachtáil chuidithe. Tá na seirbhísí seo sách tearcforbartha in

Éirinn agus tá go leor acu i réimse liath i dtéarmaí rialála nó dearbhaithe cáilíochta neamhspleách.

Faightear é seo go léir i dtimpeallacht ina bhfuil daonra ag dul in aois in Éirinn, a mbeidh leibhéal cúraim agus tacaíochta méadaithe go mór sna blianta amach romhainn. Is gnách go mbíonn córas cúraim shóisialta aonchineálach na hÉireann ag cur tonnadóir ar chineálacha níos traidisiúnta cúraim agus tacaíochta cónaithe. Tá sé seo in ainneoin go bhfuil sé mar bheartas ag an Rialtas daoine a éascú le cúram a thabhairt dóibh sa bhaile chomh fada agus is réasúnta. Go deimhin, tugann an taighde le fios freisin gurb é seo rogha fhormhór na ndaoine. Ní hamhlaidh gur chóir deireadh a chur de réir a chéile le tithe altranais. Ina ionad sin, ba cheart breathnú orthu mar chomhpháirt amháin i gcóras cúraim shóisialta leathnaithe do dhaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu. Mar a dúradh i dtuarascáil an Phainéil Saineolaithe um Thithe Altranais le déanaí: "Ba chóir go mbeadh tithe altranais mar chuid de speictream leanúnach cúraim do dhaoine scothaosta sa chóras cúram sláinte níos leithne, leis an soláthar de thacaíocht ildisciplíneach."⁽¹¹⁾

Toradh eile ar pháipéir HIQA 2017 ná go mbíonn claonadh ag an gcreat rialála in Éirinn an bhéim a leagan ar an áit fhisiciúil, áit a dtarlaíonn an cúram seachas an cineál cúraim nó riachtanais na ndaoine a fhaigheann cúram. Is léiriú é seo ar an bhfíric nach bhfuil aon tuairiscí nó sainmhínte sonracha ar chineálacha éagsúla cúraim sa reachtaíocht nó sna rialacháin a rialaíonn cúram sóisialta in Éirinn. Tá sé seo i gcodarsnacht le tíortha eile a thugann breac-chuntas agus sainmhíniú soiléir ar théarmaí ar nós 'cúram pearsanta', 'cúram baile' agus 'cúram altranais'. Tá an creat rialála reatha in Éirinn cosúil le cur chuige 'aon-oiriúnach do chách'. Ciallaíonn sé seo go bhfuil daoine a bhfuil raon leathan riachtanas cúraim agus cumais fheidhmiúla acu faoi réir na rialachán céanna, cibé acu i dteach altranais nó i seirbhís míchumais. Tugtar faoi deara freisin go bhfuil líon mór daoine ag fáil seirbhísí nach bhfuil rialáilte go hiomlán faoi láthair, mar shampla, cúram baile foirmiúil agus seirbhísí lae.

Molann HIQA go ndéanfaí an tsamhail seo a athchóiriú go samhail ina mbeidh an tseirbhís mar fhócas rialála. Is é seo treo an bheartais sa Ríocht Aontaithe le tamall anuas agus tugadh isteach sa Bhreatain Bheag é le déanaí:

Is é an moladh ná bogadh ó mhúnla gníomhaireachta agus bunaióchta go réimeas seirbhís-bhunaithe. Ciallaíonn an tsamhail seo go gceanglaítear ar sholáthraithe clárú más mian leo seirbhísí rialáilte a sholáthar sa Bhreatain Bheag. Cé go n-éileofaí fós ar sholáthraithe an áit/na háiteanna ina bhfuil seirbhís á soláthar, a sholáthar di, nó ina leith, ní cheanglóidh an córas nua ach ar dhaoine aonair nó eagraíochtaí clárú leis an rialtóir uair amháin. Más mian le soláthraí seirbhísí breise nó an tseirbhís chéanna a sholáthar ó áiteanna éagsúla ansin dhéanfaidís iarratas ar a gclárú tosaigh a athrú.⁽¹²⁾

Agus í ag moladh bogadh chuig samhail rialála seirbhís-bhunaithe, tá HIQA den tuairim freisin go dtabharfaí cineálacha eile cúraim faoi chuimsiú an rialála. Ciallóidh sé seo go gcosnófar níos mó faighteoirí cúraim agus úsáideoirí seirbhíse, a bhfuil go leor acu chomh leochaileach céanna agus iad siúd atá faoi chúram cónaithe agus a bhfuil an tacaíocht chéanna de dhíth orthu, trí chóras rialála neamhspleách. Ba cheart gach suíomh cúraim ar leith a shainmhíniú go soiléir, agus tacar sainoiriúnaithe rialachán curtha in oiriúint chun na riachtanais agus na tacaíochtaí atá ar fáil do na daoine a úsáideann an tseirbhís a shonrú.

Athbhreithniú rialta ar rialacháin

Is príomhuirlis í an rialáil do rialtais chun torthaí beartais a bhaint amach nach féidir a bhaint amach de ghnáth trí shocruithe deonacha. Tá sé seanbhunaithe go mbraitheann dea-thorthaí rialála maithe ar níos mó ná rialacha agus rialacháin amháin. Tá litríocht agus fianaise shubstantiúil ann maidir le conas ba cheart rialacháin a thabhairt isteach agus a athbhreithniú chun a chinneadh an bhfuil a gcuspóirí á gcomhlíonadh acu.⁽¹³⁻¹⁵⁾ Sa bhliain 2004, d'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Bán dar teideal 'Rialáil Níos Fearr, Páipéar Bán an Rialtais, Ag leagan amach sé phrionsabal maidir le rialáil níos fearr'⁽¹⁶⁾ a leag amach próiseas i dtreo rialáil fheabhsaithe thar raon earnálacha. Bhí an páipéar bán seo ag teacht le beartas rialála na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus tá sé fós i gcomhréir leis an mbeartas sin, arb é is aidhm dó a chinntiú go bhfuil an rialáil forásach, oiriúnach don fheidhm agus a chuidíonn le riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta na saoránach. Tá na príomhchuspóirí atá leagtha amach sa pháipéar bán fós ábhartha inniu. Thairis sin, tugadh breac-chuntas ar an bpáipéar bán ar na buntáistí seo a leanas a bhaineann le athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chreataí rialála, ina sainithnítear:

- athbhreithnithe rialta mar phríomhghné chun rialáil ardchaighdeáin a chinntiú,
- chinnteodh athbhreithnithe den sórt sin go bhfuil bunchuspóirí na rialachán fós bailí agus nó á mbaint amach,
- tá athbhreithnithe den sórt sin ina gcuid dhílis d'éifeachtúlacht a thomhas, agus;
- Ligfeadh athbhreithnithe do chuspóirí rialála a fheabhsú nó a bhaint i bhfianaise athruithe dlíthiúla, eacnamaíochta nó sóisialta.⁽¹⁷⁾

Ar an leibhéal céanna, d'fhoilsigh an ECFE treoiríne ar leithligh maidir leis an gcumas maidir le cáilíocht rialála agus athchóiriú rialála a neartú in 2012.^(14, 18) Laistigh den fhoilseachán cuimsitheach seo, agus i gcás ina n-úsáideann rialtais rialáil mar ionstraim beartais, tmoltar gur chóir go mbeadh foráil ann nuair a dhéantar 'athbhreithniú córasach... ar... stoc na rialachán go tréimhsiúil chun iad siúd atá i léig

eamhleor nó mí-éifeachtach a shainnithint agus a dhíchur.⁽¹⁴⁾ Molann an ECFE gur cheart go gcinnteodh na hathbhreithnithe sin go bhfuil rialacháin cothrom le dáta agus go gcomhlíonann siad na cuspóirí beartais atá beartaithe agus gur chóir go mbeadh ár n-athbhreithnithe ar rialacháin struchtúrtha timpeall ar riachtanais na ndaoine sin a ndéanann an rialachán difear dóibh. Ar an gcaoi chéanna, in 2019, leag an Fóram Sláinte, Sóisialta agus Rialála in Éirinn béim freisin ar an ngá le rialáil a bheith aclaí, láidir agus inbhuanaithe. Tugadh faoi deara in aighneacht chuig an Roinn Sláinte, go raibh imní ar rialtóirí gairmithe, seirbhísí agus nó táirgí sláinte agus cúraim shóisialta nach raibh rialáil i gcónaí ag baint amach na bpríomhchuspóirí maidir leis an bpobal a chosaint. Tharla sé seo mar gheall ar chur chuige ad hoc i dtreo beartas agus reachtaíocht a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, go minic mar fhreagairt ar imeachtaí nó géarchéimeanna ar leith.

Agus na prionsabail seo á gcur san áireamh, príomhchoincheap a fhanann seasmhach i réimse rialáil na seirbhísí sóisialta in Éirinn is ea éifeachtúlacht. Ba cheart go gcinneadh sé seo an mbaineann an rialachán (nó an tsraith rialachán) a úsáideann HIQA na cuspóirí ar tugadh isteach é ina leith. Caithfear é seo a mheas ó dhá pheirspictíocht leathan, rud a thug béim ghéar ar choincheap na héifeachtúlachta.

Ar an gcéad dul síos, i gcomhthéacs an chúraim shóisialta in Éirinn, tá dhá thacar de rialacháin lena rialáítear cúram agus leas daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas:

- na Rialacháin um an Acht Sláinte, 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas (Aosaigh agus Leanaí)), 2013⁽¹⁹⁾
- na Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2013. ⁽²⁾

Tá na rialacháin lena rialáítear tithe altranais i bhfeidhm ó bhí 2009 ann agus rinneadh athbhreithniú orthu in 2013, agus leasú orthu in 2016. Tá na rialacháin maidir le míchumas i bhfeidhm ó cuireadh tús le rialáil na hearnála seo in 2013. Mionsonraítear sna rialacháin seo mar is ceart cúram a sholáthar, cearta úsáideoirí seirbhísí agus freagrachtaí an duine i bhfeighil agus an tsoláthraí cláraithe. Is uirlis ríthábhachtach iad na rialacháin a dhearbhaíonn go bhfuil seirbhís sábháilte ardchaighdeán á fháil ag daoine a chónaíonn in ionaid ainmnithe.

Tá HIQA den tuairim, áfach, go bhfuil cuid de na rialacháin seo as dáta ar na cúiseanna seo a leanas: cineál athraitheach sholáthar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta; céadroganna agus cleachtais athraitheacha; agus noirm shóisialta aistrithe. Go bunúsach, is próiseas dinimiciúil í an rialáil is dóigh a sholáthraíonn torthaí beartaithe agus torthaí neamhbheartaithe, d'ainneoin na n-iarrachtaí is fearr

chun iarmhairtí na rialála a thuar (trí mheasúnuithe a dhéanamh ar thionchar rialála)⁽²⁰⁾. Cuireann sé sin béim ar an tábhacht a bhaineann le measúnú cuimsitheach ar thionchar rialála a dhéanamh ina mbíonn réimse leathan páirtithe leasmhara páirteach. Agus a tuairim maidir le dea-chleachtas á leagan amach, áitíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) go bhfuil cáilíocht na timpeallachta rialála agus soláthar na dtorthaí rialála ag brath go mór ar cháilíocht na bpróiseas lena ndeantar rialacháin'. Áitíonn sí freisin gur cheart Measúnú ar Thionchar Rialála a chur i bhfeidhm ar fud an Rialtais agus gur cheart do thíortha féachaint le hinniúlachtaí ilréimsiúla lonnaithe laistigh de ranna Rialtais nó ar fud ranna Rialtais a fhorbairt chun an obair seo a dhéanamh.

Anuas air sin, tagann athrú ar inmhianaitheacht torthaí áirithe le himeacht ama agus imríonn noirm shóisialta, cúinsí eacnamaíochta agus cleachtas bunaithe ar fhianaise tionchar air sin freisin. Mionsonraítear roimhe seo sa tuarascáil seo na samhlacha athraitheacha cúraim atá le fáil faoi láthair sna seirbhísí le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Lena rá go simplí, tá difríocht ann idir ionchais agus céadroghanna na glúine reatha agus ionchais agus céadroghanna na nglúnta roimhe sin. Ba cheart fáilte a chur roimh na brúnna seo agus glacadh leo mar iarracht chun saol na saoránach uile a fheabhsú, beag beann ar chumas. Toradh amháin de na hionchais athraitheacha seo ná gur cheart athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar rialacháin ar bhonn rialta chun treocheartaí reatha a léiriú.

I mí Iúil 2020, d'fhoilsigh HIQA tuarascáil maidir le tionchar COVID-19 i dtithe altranais in Éirinn, agus leagtar amach inti eispéiris cónaitheoirí, ball foirne agus teaghlach.⁽²¹⁾ Tarraingíonn an tuarascáil seo aird ar roinnt rialachán a nochtann laigí sa chreat rialála, i dtuairim an Phríomhchigire. Mar sin féin, lasmuigh de réimse COVID-19, tá go leor rialachán eile a d'fhéadfaí a mheas mar rialacháin laga agus, cuid acu níos mó ná a chéile, mar rialacháin nach bhfuil iomlán éifeachtach. Chun é a chur i gcomhthéacs, tá an-chuid de na rialacháin dírithe ar an bpróiseas ós rud é go nglactar cur chuige an chórais i leith na rialála, agus mar sin, ní dhíríonn siad go leordhóthanach ar a gcur chun feidhme féin ná ar na torthaí a sholáthraíonn siad do chónaitheoirí. I dtaithí an Phríomhchigire, nuair a bhíonn rialacháin ródhíríte ar an bpróiseas, bíonn neamhréir mhór ann idir an 'próiseas' agus an 'toradh' beartaithe.

Mar shampla, níl ann do rialachán ina leagtar amach go follasach caighdeán ionchais an chúraim in Éirinn. Cé go leagtar amach soláthar ginearálta an chúraim ar bhealach leathan i 'Rialachán 5: Measúnú agus Plean Cúraim Aonair' agus 'Rialachán 6: Cúram Sláinte', ní leagtar amach na prionsabail uileghabhálacha in aon rialachán. Os a choinne sin, sa Bhreatain Bheag,⁽²²⁾ leagtar amach na ceanglais uileghabhálacha maidir le cúram agus tacaíocht in aon rialachán amháin. Go bunúsach, ordaíonn rialacháin na Breataine Bige go bhfuil 'cúram agus tacaíocht á gcur ar fáil ar bhealach a chosnaíonn, a chuireann chun cinn agus a chothaíonn

sábháilteacht agus folláine daoine aonair'. I gcur chuige na Breataine Bige, tugtar níos mó airde ar an tionchar a bhíonn ag seirbhísí cúraim agus tacaíochta ar shaol agus folláine daoine. Anuas air sin, nuair a chuirtear 'Rialachán 9 na hÉireann: Cearta Cónaitheoirí' i gcomparáid lena chomhionann i rialacháin na Breataine Bige, 'Rialachán 2:5 Meas agus cáiréis', tá i bhfad níos mó béime ar cháiréis agus ar shaintréithe cosanta an duine aonair i reachtaíocht na Breataine Bige.

Tá rialacháin eile, amhail 'Rialachán 26: Bainistíocht riosca', dírithe go mór ar ról an tsoláthraí chláráithe. Cé nach bhfuil amhras ar bith ann go mbaineann tábhacht shuntasach leis seo, tá bearna fhollasach idir an próiseas, an cur chun feidhme, measúnú agus, ar deireadh, toradh na gcónaitheoirí. Go bunúsach, tá easnamh mór ann ó thaobh fócais ar an gcónaitheoir de. Is sampla eile de sin é 'Rialachán 7: Iompar dúshlánach a bhainistiú'. Arís, tá an rialachán seo, go ginearálta, dírithe ar an duine i bhfeighil agus ar an soláthraí cláráithe, níl sé dírithe go hiomlán ar chónaitheoirí agus is dóigh nach bhfuil sé ar chomhlus le cleachtas reatha atá bunaithe ar fhianaise.

Saincheist chriticiúil eile a bhaineann le héifeachtúlacht na rialachán ná cúrsaí foirne agus cóimheasa foirne. Thar aon rud eile, níl aon chóimheas íosta comhaontaithe idir cónaitheoirí agus baill foirne i bhfeidhm in Éirinn. Éilítear le Rialachán 15(1) de rialacháin na dtithe altranais go n-áirithíonn an soláthraí cláráithe go bhfuil an líon iomchuí agus an meascán iomchuí de scileanna ar fáil ó thaobh foirne de chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe cónaitheoirí. Ní leagtar amach sna rialacháin agus caighdeáin náisiúnta um thithe altranais in Éirinn aon líon íosta de bhaill foirne is gá a bheith ar dualgas, toisc go mbaineann sé sin go mór le próifíl na ndaoine a chónaíonn san ionad agus ar a riachtanais mheasúnaithe. Go bunúsach, is é freagracht gach soláthraí cláráithe ar leith measúnú a dhéanamh ar chumas na gcónaitheoirí a chónaíonn in ionad ainmnithe agus leibhéal iomchuí foirne a sholáthar chun cúram sábháilte na gcónaitheoirí sin a áirithiú. Arís, i bhfianaise an mhéid shuntasach neamhláithreachta a bhí ann i mbarr na paidéime COVID-19 in Éirinn, ní raibh an rialachán seo iomlán éifeachtach.

Agus é sin ráite, cé gur féidir a fháil go bhfuil ionaid ainmnithe neamhchomhlíonta ó thaobh an rialacháin seo, tá sé tábhachtach a léiriú gur ar an soláthraí cláráithe atá an fhreagracht áirithe sin. Cuireann an Príomhchigire fáilte roimh mholadh 14 ó Choiste Speisialta an Oireachtais um Fhreagra ar COVID-19 ina luaitear:

'the Committee recommends that regulations regarding staffing and staff ratios in nursing homes need to be strengthened in order to protect patient health and to prioritise the setting of nurse to patient ratios in line with best practice.'⁽²³⁾

Cuireann an Príomhchigire fáilte freisin roimh mholadh 5.4 de thuarascáil deiridh Choiste Saineolaithe na dTithe Altranais um Fhreagra ar Covid-19 ina luaitear:

'Framework for Safe Staffing and Skill mix (published 2018) should be prioritised and urgently developed to apply in nursing homes — public and private, nationally'.

Ní athraíonn sé seo an fhíríc nach bhfuil cuid de na rialacháin reatha a rialaíonn daoine scothaosta agus ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas éifeachtach agus go bhfuil gá le hathchóiriú rialála a dhéanamh.

Fógraí reachtúla

Leagtar amach freisin sna rialacháin a bhaineann le hionaid ainmnithe liosta de theagmhais agus tarluithe a chaithfear a thuairisciú don Phríomhchigire. Tugtar fógraí reachtúla ar na tuairiscithe sin. Is féidir na cineálacha fógraí a chomhroinnt ina dhá ghrúpa leathana: na cinn a chaithfear a thuairisciú laistigh de thrí lá agus na cinn a chaithfear a chur isteach ar bhonn ráithiúil (gach trí mhí). I measc na bhfógraí trí lá, tá teagmhais ina mbaineann gortú tromchúiseach do chónaitheoirí nó nuair a bhíonn ball foirne ina (h)ábhar do líomhain maidir le mí-iompar. Cuirtear fógra ráithiúil isteach i gcás go mbíonn cónaitheoir ina (h)ábhar do chleachtas sriantach nó i gcás go mbaintear an t-aláram dóiteáin.

Thar chúrsa 2019 agus 2020, rinne HIQA taighde ar fhógraí. Bailíodh sonraí maidir le teagmhais infhógartha i dtíortha eile d'fhonn bearnaí féideartha sa chreat rialála in Éirinn a shainaithint. Fuair HIQA go bhfuil cineálacha na dteagmhais infhógartha a éilítear in Éirinn comhsheasmhach den chuid is mó leis na cinn a fhaightear i dtíortha eile. Tá difríochtaí ann, áfach, go mór mór ó thaobh an amscála ina n-éilítear tuairisciú. Sa chuid is mó de na dlínsí a chumhdaítear san athbhreithniú, iarrtar ar sholáthraithe fógra a thabhairt láithreach/gan mhoill nó laistigh de 24 uair a chloig den teagmhas. In Éirinn, áfach, tugtar trí lá oibre sna rialacháin do sholáthraithe chun tuairisc mar sin a dhéanamh. Bhí teagmhais eile ann freisin a chaithfear a thuairisciú i dtíortha eile nach gcaithfear a thuairisciú in Éirinn. Mar shampla, caithfear 'féinfhaillí' a thuairisciú i stáit áirithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá; i Sasana, caithfidh soláthraithe an rialtóir a chur ar an eolas má tá ardleibhéal neamhláithreachta foirne nó poist le líonadh acu.

Ba cheart go mbeadh teagmhais infhógartha bunaithe ar fhianaise, agus iad nasctha go soiléir le cáilíocht agus sábháilteacht. Cabhraíonn sé seo leis an rialtóir eolas arna chur ar fáil ag ionaid ainmnithe a úsáid chun próifíl riosca a chur le chéile a bheidh, dá réir sin, mar bhonn eolais ag an gcur chuige rialála. Is é tuairim HIQA gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tacar fógraí is gá ó ionaid ainmnithe. Ba cheart go ndéanfaí breithniú ar amscálaí fógraí, fiúntas na bhfógraí reatha, cuimsiú fógraí nua, agus bonn fianaise a chur ar fáil maidir leis na nithe go léir thuasluaite.

Géarú agus forfheidhmiú

In áiteamh eile i bhfabhar an athchóirithe rialála, déantar breithniú ar chumhachtaí reachtúla an Phríomhchigire. Go neamhbhalbh, tá na roghanna géaraithe agus forfheidhmithe atá ar fáil don Phríomhchigire sách maol. Cé gur féidir leis an bPríomhchigire coinníoll sriantach (mar a thuairiscítear cheana) a cheangal le clárúchán soláthraithe cláraithe, is féidir leis an bPríomhchigire dul chuig na cúirteanna freisin chun díchlárúchán ionaid ainmnithe a lorg i gcás neamhchomhlíonta thromchúisigh nó riosca do shábháilteacht agus folláine cónaitheoirí. Tá sé tábhachtach a léiriú nach freagra comhréireach é sin i gcónaí ar leibhéal an neamhchomhlíonta leis na rialacháin. Nuair is gá na cumhachtaí seo a fhorfheidhmiú, áfach, i dtaithe an Phríomhchigire, féadfaidh sé a bheith deacair iad a riar. Mar shampla, le blianta beaga anuas, thionscain an Príomhchigire imeachtaí forfheidhmithe i gcoinne trí theach altranais. Díobh sin, thug dhá cheann faoi athbhreithniú breithiúnach i gcoinne fheidhm an Phríomhchigire, agus reáchtáladh imeachtaí dlí fada dá bharr.

Tá an Príomhchigire den tuairim nár cheart ionchúiseamh a úsáid ach amháin sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann toisc nach gcuireann a leithéid feabhas ar shábháilteacht ná leas cónaitheoirí ná nach mbaineann sé comhlíonta rialála amach. Ina ionad sin, ba cheart go mbeadh foráil éigin san Acht chun ionaid ainmnithe a eisiúint le fógra comhlíonta nó fógra feabhsúcháin d'fhonn: 1) sábháilteacht agus leas cónaitheoirí a fheabhsú, agus/nó 2) iad a chur i gcomhréir leis na rialacháin. Meastar go mbeadh sé sin ina fhreagra níos éifeachtaí, níos oiriúnaí agus níos comhréirí i gcás neamhchomhlíonta rialachán. Tá an fhoráil seo ar fáil do HIQA ina cháil mar rialtóir ar an gcontúirt atá le radaíocht ianúcháin i ndáil le nochtadh leighis (Cuid 5 de Rialachán an Aontais Eorpaigh (Caighdeán Bhunúsacha Sábháilteachta maidir le Cosaint ar na Contúirtí a Éiríonn as Nochtadh don Radaíocht Ianaíoch) 2018), ach níl a leithéid ar fáil don Phríomhchigire faoin Acht Sláinte 2007 arna leasú. Áirítear fógraí feabhsúcháin i ndrachaí den Bhille um Shábháilteacht Othar (Ceadúnú).

Anuas air sin, tá gach ceart ag soláthraithe cláraithe agóid a dhéanamh in aghaidh cinnidh arna dhéanamh ag an bPríomhchigire. Is díol spéise é, áfach, go leantar ar aghaidh leis an imní faoi shábháilteacht agus leas cónaitheoirí thar chúrsa dúshlán dlí. Tá an Príomhchigire den tuairim freisin nach bhfuil na sásraí forfheidhmithe san Acht iomlán éifeachtach nuair atáthar ag déileáil leis na leibhéil éagsúla neamhchomhlíonta a thagann chun cinn. Caithfear na sásraí sin a athfhoirmiú, is é sin le rá, tá ceanglas ann socruithe dlí a fhorbairt a ligeann don Phríomhchigire déileáil le leibhéil éagsúla neamhchomhlíonta. Tógtha le chéile, déanann éifeachtúlacht lag cuid de na rialacháin agus cumhachtaí forfheidhmithe maola an Achta cumhachtaí reachtúla an Phríomhchigire a chaolú. Is gá breithniú agus athchóiriú láithreach a dhéanamh air sin.

Creat freagrachta

Tá roinnt fianaise ann go bhfuil soláthar cúraim daoine scothaosta in Éirinn scartha amach ón gcóras sláinte agus cúraim shóisialta go ginearálta. Thug COVID-19 é sin chun solais. Mar shampla, go luath sa phaindéim nuair a bhí tionchar uafásach an víris ar dhaoine scothaosta i saoráidí cúraim chónaithe á léiriú ag an bhfianaise a bhí ag teacht chun cinn, d'éirigh sé soiléir go raibh maoirsiú cliniúil ar dhaoine scothaosta i saoráidí cúraim chónaithe in easnamh ar an bhformhór agus go raibh bearnaí suntasacha ann sna bealaí cumarsáide leis an FSS. Chun é a chur i gcomhthéacs, is í an earnáil phríobháideach a chuireann breis agus 80% de na leapacha i dtithe altranais in Éirinn ar fáil. Mar sin, is aonáin neamhspleácha iad, beag beann ar an mbealach a fhaightear socrúcháin i dtithe altranais. Roimh COVID-19, cé nach raibh sé oiriúnach, leanadh ar aghaidh leis an easnamh maoirseachta seo ar mhaithe leis an riachtanas méadaitheach chun seirbhísí cónaithe a sholáthar do dhaonra atá ag dul in aois.

Tá COVID-19 tar éis laigí a nochtadh in an-chuid eagraíochtaí, áfach. Cé go gceanglaíonn Caighdeán 3.4 de na *Caighdeáin Náisiúnta um Ionfhabhtú i dTimpeallachtaí Pobail a Chosc agus a Rialú*⁽²⁴⁾ ar sholáthraithe cúraim chónaithe forálacha agus teagmhais a chur i bhfeidhm chun ráigeanna ionfhabhtuithe a chosc agus a bhainistiú go réamhghníomhach, ní raibh na socrúithe teagmhais go ginearálta láidir go leor chun déileáil leis an ngalar fíorthógálach COVID-19. De ghnáth, is leor conair shainithe a bheith i bhfeidhm má tharlaíonn ráig ar bith; ach nuair a rinneadh í a thriail i gcomhthéacs paindéime, theip air mar chóras. Tríd is tríd, tá tithe altranais neamhspleách agus féinrialaitheach, rud a chothaíonn imní ó thaobh maoirseachta cliniúla de, faoi mar a chonaiceamar le linn na paindéime COVID-19.

I bhfoilseacháin HIQA roimhe seo^(25, 26), leagtar amach an tábhacht a bhaineann le rialú éifeachtach maidir le cúram ardchaighdeáin a sholáthar. Cé go leagann an creat rialála an fhreagracht ar an soláthraí cláraithe maidir le seirbhísí iomchuí a sholáthar, tá HIQA den tuairim go luíonn freagracht ar an bpointe óna sholáthraítear na seirbhísí. Tá freagracht eiticíúil, mhorálta agus fhioscach ann go dtugtar ceannaitheoirí seirbhísí (thar ceann an rialtais) chun cuntais.

Chomh maith leis sin, tá HIQA den tuairim dá gcuirtear na socrúithe sin i bhfeidhm go mbeadh próisis níos oiriúnaí i bhfeidhm chun leibhéal breise de rialachas cliniúil a sholáthar maidir le seirbhísí do dhaoine scothaosta. Moltar a leithéid i dtuarascáil Choiste Saineolaithe na dTithe Altranais:

The development, in the medium-term, of clinical governance models in the community should be explored further by the Department of Health in conjunction with the HSE, supported by an international evidence review of models of clinical governance in nursing home settings.⁽¹¹⁾

Is amhlaidh an scéal i gcás seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas ina bhfuil comhaontuithe seirbhíse idir soláthraithe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina ngnáthrud. D'fhéadfadh feabhas a chur orthu sin trí chineál socraithe bainistíochta cúraim a thabhairt isteach ina ndéanfadh an FSS measúnú leanúnach ar riachtanais chúraim cliniciúla agus sóisialta daoine thar cheann an Stáit. Déanfar seirbhísí a chur in oiriúint ansin do riachtanais agus roghanna sonracha an duine aonair.

Tá HIQA den tuairim go mbeidh creat freagrachta ríthábhachtach amach anseo. Leagfaí amach go soiléir na ról agus forálacha ar leith a bhaineann leis an gceannaitheoir agus leis an soláthraí seirbhísí. Chuige sin, measann HIQA go mbeadh gá le reachtaíocht a thabhairt isteach chun, ní hamháin soláthraithe seirbhísí ach iad siúd a dhéanann na seirbhísí sin a sholáthar freisin, a dhéanamh freagrach as a gcinntí.

Cuireann an Príomhchigire fáilte roimh mholadh 5 ó Choiste Speisialta an Oireachtais um Fhreagra ar COVID-19,⁽²³⁾ is é sin go ndéanfaidh an Roinn Sláinte athbhreithniú práinneach ar na socruithe maoirseachta agus rialachais atá i bhfeidhm i dtithe altranais príobháideacha. Anuas air sin, déantar cur síos ar na moltaí arna leagan amach i dtuarascáil Phainéal Saineolaithe na dTithe Altranais⁽¹¹⁾ ar an leibhéal ullmhachta is gá chun teacht ar ais COVID-19 a bhainistiú; tá na moltaí sin i gcomhréir leis an leibhéal rialachais agus freagrachta is gá agus a bhíonn ag teastáil go bunúsach i saoráidí cúraim chónaithe. D'ainneoin sin, tá rabhadh á thabhairt ag HIQA go bhfuil sé ríthábhachtach nach gcaillfear an glao seo ar chreat freagrachta a chur ar fáil faoi scáth na paidéime seo a mbaineann impleachtaí troma léi don tsochaí go ginearálta.

Sláintecare

Is é Sláintecare an toradh a bhí le próiseas fada um fhorbairt beartais in Éirinn agus léirítear ann treochlár maidir le leathnú agus claochlú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Baineann sé taitneamh as tacaíocht fhorleathan ar fud an speictrim pholaitiúil agus is plean fadtéarmach é a chlúdaíonn saolré roinnt rialtas. Tá COVID-19 tar éis béim a chur ar an riachtanas práinneach a chinntiú go soláthraítear na moltaí ó Sláintecare. Mar sin féin, léiríonn teacht ar ais COVID-19 in Éirinn dúshlán mór don Rialtas chun spriocanna Sláintecare a chur ar aghaidh ar bhonn tráthúil, mar thoradh ar na héilimh agus brúnna iomaíocha ar an tseirbhís sláinte. Le foilsiú agus forfheidhmiú 'Service Continuity in a COVID Environment'⁽²⁷⁾ i mí an Mheithimh 2020 agus níos déanaí fós 'Winter Planning within the COVID-19' pandemic⁽²⁸⁾ tugtar aitheantas do fhreagracht an Rialtais sábháilteacht agus leas daoine scothaosta a chosaint trí 'sheirbhísí a aistriú ar chlé' agus tús áite a thabhairt don chúram príomhúil agus seirbhísí pobail.

Mar sin féin, is iad na seirbhísí cónaithe agus na seirbhísí cúraim altranais nó socruithe cúraim bhaile neamhfhoirmiúla nó foirmiúla atá ina bpríomhshamhail reatha um chúram do dhaoine scothaosta in Éirinn. Baineann fadhbanna leis an tsamhail sin ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, léirigh an phaindéim COVID-19 go soláthraíonn saoráidí cúraim chónaithe (i.e. tithe altranais) samhail shóisialta um chúram agus mar sin, níl an tsamhail sin oiriúnach chun paindéim de víreas an-tógalach amhail COVID-19 a bhainistiú. Chun COVID-19 a bhainistiú i dtimpeallacht chónaithe, is gá réamhchúraimí 'ar nós an ospidéal' a chur i bhfeidhm, agus cé go bhfuil sé riachtanach amach is amach sa chomhthéacs seo, ba chéim chúlaitheach é sin ó thaobh tithe altranais a aistriú ón tsamhail institiúideach um chúram. Bheadh a leithéid d'aistriú go hiomlán i gcoinne an aistrithe a tharla le déanaí sa tsochaí in Éirinn ina mbíonn tithe altranais ina gcuid nasctha, chomhtháite agus bhunúsach dá bpobail.

Ar an dara dul síos, is é príomhchuspóir beartais Sláintecare 'an cúram ceart a fháil san áit cheart ag an am ceart'.⁽¹⁾ Ciallaíonn sé sin gur cheart do dhaoine a bhfuil riachtanais chúraim acu leanúint ar aghaidh ag maireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin chomh fada agus is féidir. Faoi láthair, níl aon teidlíocht reachtúil ann cúram baile foirmiúil a fháil. Lena chois sin, is mór an éagsúlacht atá ann ó thaobh rochtana agus teidlíochta de ar fud na tíre. Cé go bhfuil sé sin le teacht le foilsíú an Bhille Sláinte (Leasú) (Cúram Sláinte Gairmiúil) i mí Iúil 2020,⁽²⁹⁾ tugann an Coimisiún Eorpach le fios go bhfuil formhór de na seirbhísí cúraim bhaile neamhfhoirmiúla á gcur ar fáil ag daoine muinteartha, cairde agus comharsana.⁽³⁰⁾ Sin 80% ar a laghad de na huairéanta iomlána cúraim a chuirtear ar fáil.⁽³¹⁾ In Éirinn, áfach, féadfaidh go bhfuil céatadán an chúraim bhaile neamhfhoirmiúil níos cóngaraí ná 90%, bunaithe ar an bhfianaise ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.^(32, 33)

Mar thoradh ar bhearta rialuithe costas le blianta beaga anuas, rinne an FSS cuid mhór dá sheirbhísí cúraim bhaile a sheachfhoinsiú don mhargadh príobhaideach atá an-iomaíoch ar fad.^(34, 35) Cruthaíonn sé sin cúinsí ina sholáthraíonn an FSS seirbhísí cúraim bhaile agus déanann sé monatóireacht ar éifeachtúlacht na seirbhísí sin. Chuir Painéal Saineolaithe na dTithe Altranais béim ar an earnáil seo a athchóiriú i gcomhréir le cuspóirí Sláintecare; tá an cur chuige seo á mholadh ag HIQA le fada an lá. Tá sé ríthábhachtach, áfach, a rá nach réiteach ann féin é athchóiriú a dhéanamh ar chúram baile, ach is cuid ríthábhachtach é den athchóiriú ginearálta a chumódh réimse roghanna tithíochta pobail agus cúraim lae i gcás go bhfuil seirbhísí níos lú agus comhtháite i gceist, chomh maith le creat freagrachta a fhorbairt chun dea-rialachas a chinntiú. Rachaidh sé seo cuid den tslí chun samhail sláinte aonchéime agus uilíoch a thacaíonn le cúram comhtháite a chinntiú.

Bheadh sé faillitheach gan béim a chur ar an ngá criticiúil a bhaineann le rialú cúraim bhaile a thabhairt isteach chomh tapa agus is féidir. Tugann an fhianaise

idirnáisiúnta le fios go mbaineann leibhéal ard acmhainneachta do riosca le soláthar an chúraim bhaile, i bhfianaise chastacht cliniciúla daoine scothaosta atá ag dul i méid, timpeallachtaí oibre nach bhfuil iomlán oiriúnach, an taisteal iargúlta a bhaineann leis an ról uaireanta, cineál neamhbhuan na fostaíochta agus idirspiléachas an chúrain neamhfhoirmiúil.⁽³⁵⁻⁴⁰⁾ Is féidir a leithéid de rioscaí a mheas mar rud comheisiach, rud a chiallaíonn go n-imríonn siad tionchar ar an lucht cúraim agus ar lucht faighte an chúraim ag an am céanna. Is féidir iad sin a shainmhíniú ón taobh fisiciúil de (mar shampla, gortuithe matánchnámharlacha, titim), ón taobh spásúlachta de (mar shampla, drochthimpeallachtaí oibre), ón taobh idirphearsanta de (mar shampla, droch-chaidrimh ar ionann iad agus shaincheisteanna cumhdaigh) agus ó thaobh an ama de (mar shampla, deifriú nuair a bhíonn ar an lucht cúraim taisteal timpeall go lucht faighte an chúraim).⁽⁴¹⁾

I gcomhréir le cuspóir Sláintecare seirbhís sláinte uilíoch a sholáthar atá ionchuimsitheach agus arna soláthar laistigh de réimse príomhúil agus réimse an phobail, is gá infheistíocht a dhéanamh san athchóiriú rialála chun a chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an cumas iomchuí ag na seirbhísí arna soláthar chun freastal ar riachtanais an daonra ar bhealach sábháilte a dhéanann cearta shaoránach na hÉireann a chosaint.

Ar deireadh, agus d'ainneoin an tionchair atá ag an gclár Sláintecare ar an gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn, tá áiteamh ann gur gá beartas cúraim shóisialta comhtháite foriomlán a fhorbairt ina iomláine. Mar shampla, faoi láthair, tá an cúram sóisialta in Éirinn ilroinnte d'ainneoin croíchuspóirí (amhail féinriar, neamhspleáchas agus ionchuimsitheacht) a bheith i gcoilár na réimsí go léir. San fhéith seo, féadfaidh gur fiú breithniú a dhéanamh ar bheartas cúraim shóisialta foriomlán a fhorbairt ina leagfar amach na príomhchuspóirí beartais ar fud réimse an chúraim shóisialta go ginearálta. Chruthódh sé sin roinnt ailínithe, comhleanúnachais agus aonfhoirmeachta laistigh d'earnáil an chúraim shóisialta. Chomh maith leis sin, chuirfeadh sé dlúthbhonn ar fáil ar ar féidir rialacháin a fhorbairt. Léireodh a leithéid de rialacháin beartas cúraim shóisialta agus bheadh sé i gcomhréir le cuspóirí áirithe ardleibhéil um beartas. Go teoiriciúil, chuirfeadh sé seo leis an gclár Sláintecare atá bunaithe ar leathnú, ar chúram sóisialta a laghdú agus ar dlúthbhonn a sholáthar ar ar féidir rialacháin a bhunú.

Ualach rialála

In 2019, rinne páipéar taighde de chuid HIQA measúnú ar an ualach rialála. Is réimse spéise é seo sa litríocht go ginearálta agus is rud é a imríonn tionchar ar an rialtóir agus ar an soláthraí seirbhíse chomh maith céanna. Sainithnítear go mbíonn ualach de shaghas éigin ann i gcónaí mar fhotháirge na rialála. Tá gnéithe eile den rialáil ann, áfach, is féidir a athbhreithniú agus a athchóiriú chun an t-ualach ar na comhpháirtithe uile a laghdú. Féadfaidh bearta riaracháin a bheith i gceist, mar

shampla, líon na bhfoirmeacha agus an pháipéarachais a chaithfidh soláthraí seirbhíse a chur isteach nó a choinneáil a laghdú. D'fhéadfadh athbhreithniú ar na rialacháin a bheith san áireamh sna bearta eile chun a chinntiú go ndéanfar gnéithe iomarcacha eile a bhaint de.

Déantar tagairt sa pháipéar sin ar roinnt tionscnaimh arna ndéanamh ag an bPríomhchigire chun an t-ualach rialála a laghdú. Mar shampla, is féidir an chuid is mó d'fhógraí reachtúla a chur isteach anois trí thairseach ar líne seachas foirm pháipéir a chur isteach ar an ríomhphost. Cuíochíonn sé sin an próiseas don soláthraí seirbhíse agus laghdaíonn sé an iarracht riaracháin freisin ó thaobh HIQA de toisc go n-uathoibríonn sé na sonraí atá á mbailiú aige.

D'aineoinn an mhéid thuasluaite, tá roinnt samplaí d'ualach rialála comhsheasmhach ann a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt orthu trí athruithe a dhéanamh sa chreat rialála. Sampla amháin ná an gá atá le clárúchán ionad ainmnithe uile a athnuachan gach trí bliana. Tá nach mór 2,000 ionad ainmnithe á rialáil ag HIQA faoi láthair. Cruthaíonn an próiseas athnuachana seo ualach suntasach oibre don soláthraí seirbhíse agus do HIQA ó thaobh ama agus páipéarachais de. Lena chois sin, is mór an iarracht a dhéanann HIQA chun na hiarratais seo go léir a phróiseáil. Chuirfeadh deireadh le han-chuid iarrachta nach bhfuil gá leis trí mhodh clárúcháin níos solúbtha a chur i bhfeidhm nó tríd an bpróiseas clárúcháin a dhéanamh buan. D'fhéadfadh an chumhacht a bheith ag an bPríomhchigire fós clárúchán ionad ar bith a chur ar ceal nó a leasú am ar bith. Is sampla amháin é seo d'ualach rialála laistigh den chóras nach gcruthaíonn breisluch do dhaoine a úsáideann seirbhísí. Is cúis eile é chun athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat rialála chun aghaidh a thabhairt ar na neamhéifeachtúlachtaí seo.

Conclúid

Mar a leagtar amach i réamhrá na tuarascála seo, molann HIQA na nithe seo a leanas:

- athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na rialacháin reatha a bhaineann le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, agus próiseas athbhreithnithe rialta a bhunú
- athchóiriú a dhéanamh ar an Acht Sláinte 2007 chun an tírdhreach athraitheach i seirbhísí sláinte agus cúraim a chur san áireamh
- rialáil a thabhairt isteach i gcineálacha eile cúraim nach bhfuil rialáil á déanamh orthu faoi láthair agus a d'fhéadfadh a n-úsáideoirí seirbhísí a bheith soghonta
- creat a fhorbairt a dhéanann idirdhealú soiléir idir an ceannaitheoir agus an soláthraí seirbhíse, mar aon le socruithe soiléire rialachais agus freagrachta
- breithniú a dhéanamh ar bheartas cuimsitheach comhtháite um chúram sóisialta a fhorbairt a dhéanann breithniú ar chúram sóisialta ina iomláine taobh le Sláintecare

Tá taithí HIQA maidir le rialáil agus monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta le 10 mbliana anuas mar bhonn agus taca leis an ngá atá lena leithéid d'athchóirithe a dhéanamh anois. Tharla an-chuid athruithe sa tréimhse sin. Tugadh rialáil isteach nuair a bhí neamhchinnteacht eacnamaíoch agus déine sa tír. Chothaigh ualach breise na rialála an-chuid trioblóide do sholáthraithe cláraithe áirithe. D'éirigh le cuid díobh na dúshláin seo a shárú chun leibhéal maith comhlíonta a léiriú agus dea-chaighdeán na beatha a sholáthar dá gcónaitheoirí. Rinne soláthraithe cláraithe eile iad féin a athchumrú nó shocraigh siad a seirbhísí a dhúnadh go deonach, ghlac úinéirí grúpa móra seilbh ar sheirbhísí áirithe agus dúnadh cuid eile díobh mar thoradh ar ghníomhaíocht rialála arna glacadh ag HIQA. D'fhéach soláthraithe seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas ar bhealaí chun daoine a bhogadh ó shuíomhanna comhchónaithe go seirbhísí sa phobal, i gcomhréir le beartas náisiúnta.

Le deich mbliana anuas, tá níos mó éileamh ann ar réimse éagsúil seirbhísí cúraim shóisialta, go speisialta seirbhísí a ligean do dhaoine fanacht ina dtithe nó ina bpobail féin chomh fada agus is féidir. Tá treochlár leagtha amach sa chlár Sláintecare maidir lenár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a leathnú agus a chlaochlú agus beidh impleachtaí i gceist gan aon dabht dóibh siúd a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu. Anuas air sin, tá áiteamh láidir ann chun beartas cúraim shóisialta a fhorbairt a leagann amach na príomhchuspóirí beartais ar fud an chúraim shóisialta

go ginearálta. Chabhródh forbairt agus cur chun feidhme beartais mar sin chun cineálacha éagsúil cúraim shóisialta a chomhtháthú agus chuirfeadh sé leis na cuspóirí a leagtar amach sa chlár Sláintecare.

Chomh maith céanna, tá an phaindéim COVID-19 tar éis roinnt ceisteanna a thabhairt chun cinn maidir leis an mbealach a thugaimid cúram do dhaoine soghonta. Is am oiriúnach é seo féachaint siar ar an bhfoghlaim a tharla le deich mbliana anuas maidir le rialáil, agus an bealach ar aghaidh a leagan amach. Chun an méid a deirtear sa réamhrá a athdhearbhú, is gá iarracht ar leith a dhéanamh chun an creat rialála a fheabhsú mar fhreagairt ar COVID-19, rud a éilíonn bearta gearrthearma.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na dúshlán atá romhainn mar shochaí. Tá sé deacair do thír ar bith seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta uilíoch comhtháite a sholáthar. Sa chomhthéacs seo, tá an Príomhchigire ag tarraingt ar thaithí chun léiriú a dhéanamh ar na castachtaí a bhaineann le rialáil a dhéanamh ar earnáil atá ag síorathrú agus ina bhfuil roinnt rialachán i bhfeidhm nach bhfuil iomlán éifeachtach. Cuireann COVID-19 go mór le sraitheanna castachta an scéil. Níl na cleachtais a bhí inghlactha tráth láidir go leor anois chun folláine cónaitheoirí a chosaint má thagann ráig eile de COVID-19. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a léiriú nach bhfuil COVID-19 é féin tar éis an gá atá le hathchóiriú rialála a thabhairt chun solais; ina ionad sin, tá sé tar éis spotsolas a dhíriú ar shaincheist a raibh breithniú práinneach de dhíth uirthi cheana féin.

Tugann an tuarascáil seo roinnt saincheisteanna tábhachtacha chun cinn i gcomhthéacs an chreata rialála in Éirinn. Is é tuairim HIQA go gcruthaíonn na saincheisteanna sin le chéile áiteamh láidir chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras rialála reatha. Ar an gcéad dul síos, níl an bealach a shainmhínítear ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas oiriúnach don fheidhm a thuilleadh, i bhfianaise na samhlacha cúraim éagsúla go léir atá ann. Ba cheart smaoineamh a dhéanamh arís ar an gcleachtas ina ndéantar ionad seachas seirbhís a rialáil. Is é seo an cás, go mór mór nuair a bhíonn soláthraithe seirbhíse páirteach i réimse seirbhísí difriúla a sholáthar, go minic sa láthair fhisiciúil chéanna.

Ar an dara dul síos, ba cheart athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar na rialacháin agus teagmhais infhógartha uile a bhaineann le seirbhísí cúraim shóisialta. Tá sé léirithe sa tuarascáil seo nach bhfuil roinnt rialachán iomlán éifeachtach, go speisialta rialacháin a bhaineann le seirbhísí do dhaoine scothaosta a rialáil. Tá fianaise shoiléir ann go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin ar bhonn rialta chun a n-éifeachtúlacht a chinneadh. Cé go bhfuil COVID-19 tar éis laigí breise sna rialacháin a nochtadh, i bhfianaise an tionchair shuntasáigh a bhí aige ar thithe altranais in Éirinn, ní féidir linn dearmad a dhéanamh go raibh na laigí seo ann le tréimhse fhada

roimhe sin. Ní dhearna an phaindéim ach béim a chur ar an tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le hathchóiriú rialála a dhéanamh.

Chuige sin, bhí athbhreithniú ar na rialacháin á lorg go seasta ag HIQA agus meastar freisin gur rud é a bhaineann leis an dea-chleachtas.^(14, 16) Chomh maith leis sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta Sláinte 2007 a thugann cumhachtaí forfheidhmithe don Phríomhchigire a bheith ina chuid de sin. Faoi láthair, níl cumhachtaí an Phríomhchigire comhsheasmhach leis an gcomhréireacht is gá i gcásanna áirithe a bhaineann le neamhchomhlíonadh le rialacháin agus caighdeán. Is gá a chinntiú, cé go bhfuil cinntí an Phríomhchigire oscailte do dhúshlán, nach gcuireann sé sin cónaitheoirí i mbaol gan ghá. Faoi láthair, is féidir le dúshlán fhada dhlíthiúla cumhachtaí forfheidhmithe an Phríomhchigire a chaolú.

Ina theannta sin, tá sé ríshoiléir go bhfuil géarghá le creat freagrachta a fhorbairt ina n-áirítear maoirseacht chonarthach le hidirdhealú soiléir idir ceannaitheoirí agus soláthraithe. Ní hamháin go neartóidh sé sin rialachas san earnáil, ach soláthróidh sé leibhéal de mhaoirseacht chliniciúil atá in easnamh faoi láthair. Ní tharlódh sé in aon earnáil nó réimse eile den tsochaí go ginearálta, go gceannódh tomhaltóir seirbhís gan a chinntiú go bhfuil an tseirbhís mar a leagtar amach é sa chonradh bunaidh le linn an chomhaontaithe á fail. Caithfear déileáil leis sin láithreach.

Le linn 2019 agus 2020, chonaic HIQA treocht ag teacht chun cinn ina bhfuil soláthraithe móra ag teacht isteach sa mhargadh, trí shealbhú agus cumaisc i gcás tithe altranais beaga scaipthe. Tá an Príomhchigire den tuairim, áfach, go gcuirfeadh sé ualach mór ar an FSS sna laethanta seo atá dúshlánach cheana féin dá dteipfeadh ar aon cheann de na haonáin mhóra sin. Caithfear é sin a choimeád chun tosaigh i gcúrsaí beartais amach anseo.

Ar deireadh, cuireann HIQA fáilte roimh rún an Rialtais cúram baile a chur ar fáil ar bhonn reachtúil, agus tacar rialachán a chur ar fáil in éineacht leis. Ba cheart go mbeadh cúram baile ardchaighdeán ina chuid riachtanach d'aon chóras cúraim shóisialta amach anseo. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar chineálacha eile cúraim amhail maireachtáil chuidithe, sciath-thithíocht agus cúnamh pearsanta, agus socruithe scoite eile a d'fhéadfadh a bheith ann (mar shampla, teachroinnt a chur ar fáil). Tá HIQA tar éis tús a chur le taighde a dhéanamh sa réimse seo agus foilseofar an taighde sin go luath. Cuirtear fáilte roimh na samhlacha seirbhíse éagsúla seo agus ba cheart go mbeidís ar fáil do dhaoine mar chuid de chontanam cúraim a dhéanann freastal ar riachtanais daoine aonair agus a dteaghlach. Tá HIQA den tuairim gur cheart go mbeadh an méid thuasluaite faoi réir creata rialála atá oiriúnach don fheidhm, inoiriúnaithe do riachtanais agus roghanna athraitheacha, agus freagrúil do riosca agus imní maidir le leas daoine. Féadtar é sin, i bpáirt, a bhaint amach trí bheartas a fhorbairt a dhéanann an cúram sóisialta a mheas ina iomláine toisc gur léir go dtagann na saincheistanna móra céanna chun cinn ar fud

na ndaonraí ar fad a bhaineann leas as seirbhísí cúraim shóisialta. Táthar ag súil go mbeidh na moltaí a luaitear sa tuarascáil seo ina gcuid lárnach den phlé maidir le cúram níos fearr a sholáthar do shaoránaigh uile na hÉireann amach anseo.

Tagairtí

1. An Roinn Sláinte. Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2019. Baile Átha Cliath, An Roinn Sláinte; 2019. Ar fáil ó:
<https://assets.gov.ie/9379/05384619bb2240c18c294b60578117e1.pdf>
2. Rialtas na hÉireann. Na Rialacháin um Chúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta, 2013. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanóireachta; 2013. Ar fáil ó:
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/si/415/made/en/print>
3. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Caighdeáin Náisiúnta um Ionfhabhtú i dTimpeallachtaí Pobail a Chosc agus a Rialú. Baile Átha Cliath, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; 2013. Ar fáil ó:
<https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2017-01/National-Standards-for-Older-People.pdf>
4. Rialtas na Ríochta Aontaithe. An tAcht um Chúram 2014. Londain, Rialtas na Ríochta Aontaithe; 2014. Ar fáil ó:
https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2014/23/pdfs/ukpga_20140023_en.pdf
5. Scourfield P. Caretelization revisited and the lessons of Southern Cross. Critical Social Policy. 2012; 32(1): 137-48. Ar fáil ó:
6. Rialtas na hÉireann. An tAcht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanóireachta; 1990. Ar fáil ó:
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/1990/act/23/enacted/en/html>
7. Rialtas na hÉireann. An tAcht Sláinte 2007. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanóireachta; 2007. Ar fáil ó:
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/act/23/enacted/en/html>
8. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Time to Move on from Congregated Settings: A Strategy for Community Inclusion. Baile Átha Cliath, Feidhmeannacht na

Seirbhíse Sláinte; 2011. Ar fáil ó:

<https://www.hse.ie/eng/services/list/4/disability/congregatedsettings/time-to-move-on-from-congregated-settings-%E2%80%93-a-strategy-for-community-inclusion.pdf>

9. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Exploring the regulation of health and social care services - Disability services. Baile Átha Cliath, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; 2017. Ar fáil ó:

<https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2017-05/exploring-the-regulation-of-health-and-social-care-services-disability.pdf>

10. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Exploring the regulation of health and social care services - Older People's services. Baile Átha Cliath, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; 2017. Ar fáil ó:

<https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2017-05/exploring-the-regulation-of-health-and-social-care-services-op.pdf>

11. Painéal Saineolaithe na dTithe Altranais COVID-19. Scrúdú ar Bhearta go 2021 - Tuarascáil don Aire Sláinte. Baile Átha Cliath, An Roinn Sláinte; 2020. Ar fáil ó: <https://assets.gov.ie/84889/b636c7a7-a553-47c0-88a5-235750b7625e.pdf>

12. An TRoinn Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta. Regulation and Inspection of Social Care (Wales) Bill - Explanatory Memorandum incorporating the Regulatory Impact Assessment and Explanatory Notes. Cardiff, Rialtas na Breataine Bige; 2015. Ar fáil ó: <https://senedd.wales/laid%20documents/pri-ld10429/pri-ld10429-e.pdf>

13. Parker D, Kirkpatrick C. Measuring Regulatory Performance - The Economic Impact of Regulatory Policy: A Literature Review of Quantitative Evidence. Páras, An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha; 2012. Ar fáil ó: <http://citeseerx.ist.psu.edu/viewdoc/download?doi=10.1.1.398.3017&rep=rep1&type=pdf>

14. An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha. Recommendation of the Council on Regulatory Policy and Governance. Páras, An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha; 2012. Ar fáil ó: <https://www.oecd.org/gov/regulatory-policy/49990817.pdf>

15. Coglianesse C. Measuring regulatory performance evaluating the impact of regulation and regulatory policy. Páras, An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha; 2012. Ar fáil ó:
<http://citeseerx.ist.psu.edu/viewdoc/download;jsessionid=D68348B6BB97AA0CC335825266D19F2C?doi=10.1.1.398.3130&rep=rep1&type=pdf>
16. Roinn an Taoisigh. Regulating Better - A Government White Paper setting out six principles of Better Regulation. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanóireachta; 2004. Ar fáil ó:
https://www.taoiseach.gov.ie/DOT/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Regulating_Better_Government_White_Paper.pdf
17. Roinn an Taoisigh. Regulating Better: A Government White Paper Setting Out Six Principles of Better Regulation: Executive Summary. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanóireachta; 2004. Ar fáil ó:
18. An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha. OECD Best Practice Principles for Regulatory Policy - Regulatory Impact Assessment. Páras, An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha; 2020. Ar fáil ó:
<https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/7a9638cb-en.pdf?expires=1608027793&id=id&accname=guest&checksum=A7F7CCDFBE81938DA27AB076C237EB64>
19. Rialtas na hÉireann. Rialacháin um Chúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas (Aosaigh agus Leanaí) 2013. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanóireachta; 2013. Ar fáil ó:
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/si/367/made/en/print>
20. An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha. Regulatory Impact Assessment - OECD Best Practice Principles for Regulatory Policy. Páras: An Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha; 2020.
21. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. The impact of COVID-19 on nursing homes in Ireland. Baile Átha Cliath, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht

Sláinte; 2020. Ar fáil ó: https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2020-07/The-impact-of-COVID-19-on-nursing-homes-in-Ireland_0.pdf

22. Rialtas na Breataine Bige. Statutory Guidance - For service providers and responsible individuals on meeting service standard regulations. An Bhreatain Bheag, Rialtas na Breataine Bige; 2019. Ar fáil ó:
<https://gov.wales/sites/default/files/publications/2019-04/guidance-for-providers-and-responsible-individuals.pdf>

23. Tithe an Oireachtais. Coiste Speisialta an Oireachtais um Fhreagra ar COVID-19 - Tuarascáil Eatramhach ar Covid-19 i dTithe Altranais. Baile Átha Cliath, An Oifig Stáiseanáireachta; 2020. Ar fáil ó:
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/special_committee_on_covid_19_response/reports/2020/2020-07-31_interim-report-on-covid-19-in-nursing-homes_en.pdf

24. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. National Standards for infection prevention and control in community services. Baile Átha Cliath, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; 2018. Ar fáil ó:
<https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2018-09/National-Standards-for-IPC-in-Community-services.pdf>

25. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Overview of 2016 HIQA regulation of social care and healthcare services. Baile Átha Cliath, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; 2017. Ar fáil ó:
<https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2017-04/Regulation-overview-2016-web.pdf>

26. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Annual overview report on the inspection and regulation of disability services in 2019. 2020: 62. Ar fáil ó:
<https://www.hiqa.ie/sites/default/files/2020-09/HIQA-Disability-Services-2019-overview-report.pdf>

27. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Service Continuity in a COVID Environment: A Strategic Framework for Delivery. Baile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; 2020. Ar fáil ó

<https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/service-continuity-in-a-covid-environment-a-strategic-framework-for-delivery.pdf>

28. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Winter Planning within the COVID-19 Pandemic October 2020-April 2021. Baile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; 2020. Ar fáil ó: <https://www.hse.ie/eng/services/publications/winter-planning-within-the-covid19-pandemic-october-2020-april-2021.pdf>

29. An Bille Sláinte (Leasú) (Cúram Sláinte Gairmiúil) 2020, (2020).

30. S Spasova, R Baeten, S Coster, D Ghailani. Challenges in Long-term Care in Europe: A Study of National Policies. Brussels, European Social Policy Network; 2018. Ar fáil ó:

<https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=89&newsId=9185>

31. Huber M, Hennessy P. Long-term care for older people. Paris, OECD Publishing; 2005. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1787/9789264015852-en>

32. Murphy CM, Whelan BJ, Normand C. Formal home-care utilisation by older adults in Ireland: evidence from the Irish Longitudinal Study on Ageing (TILDA). Health & Social Care in the Community. 2015; 23(4): 408-18. Ar fáil ó:

http://doras.dcu.ie/20325/1/Murphy_Whelan_Normand_2014_Formal_home_care_utilisation_by_older_adults_in_Ireland.pdf

33. Kamiya Y, Murphy C, Savva G, Timonen V. Profile of Community-Dwelling Older People with Disability and their Caregivers in Ireland. Dublin, The Irish Longitudinal Study on Ageing; 2012. Report No.: 1907894020. Ar fáil ó:

http://doras.dcu.ie/17965/1/Profile_of_community_dwelling_older_people_with_disability_and_their_caregivers_in_Ireland..pdf

34. Mulkeen M. Going to market! An exploration of markets in social care. Administration. 2016; 64(2): 33-59. Ar fáil ó:

<https://content.sciendo.com/downloadpdf/journals/admin/64/2/article-p33.xml>

35. Migrant Rights Centre Ireland. Migrant workers in the home care sector: preparing for the elder boom in Ireland. MRCI Dublin; 2015.

36. Kristensen DV, Sundler AJ, Eide H, Hafskjold L, Ruud I, Holmström IK. Characteristics of communication with older people in home care: a qualitative analysis of audio recordings of home care visits. *Journal of clinical nursing*. 2017; 26(23-24): 4613-21. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/abs/10.1111/jocn.13807>
37. Green D, Sawyer A-M. Managing risk in community care of older people: Perspectives from the frontline. *Australian Social Work*. 2010; 63(4): 375-90. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/abs/10.1111/jocn.13807>
38. Sears N, Baker GR, Barnsley J, Shortt S. The incidence of adverse events among home care patients. *International Journal for Quality in Health Care*. 2013; 25(1): 16-28. Ar fáil ó: <https://academic.oup.com/intqhc/article/25/1/16/1938629>
39. Gjevjon ER, ROMØREN TI, KJØS BØ, HELLESØ R. Continuity of care in home health-care practice: two management paradoxes. *Journal of nursing management*. 2013; 21(1): 182-90. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/abs/10.1111/j.1365-2834.2012.01366.x>
40. Genet N, Kroneman M, Boerma WG. Explaining governmental involvement in home care across Europe: an international comparative study. *Health policy*. 2013; 110(1): 84-93. Ar fáil ó: <http://postprint.nivel.nl/PPpp4441.pdf>
41. Craven C, Byrne K, Sims-Gould J, Martin-Matthews A. Types and patterns of safety concerns in home care: staff perspectives. *International Journal for Quality in Health Care*. 2012; 24(5): 525-31. Ar fáil ó: <https://academic.oup.com/intqhc/article/24/5/525/1787391>



Arna foilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

Tuilleadh eolais:

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Cúirt Sheoirse

Lána Sheoirse

Margadh na Feirme

Baile Átha Cliath 7

D07 E98Y

+353 (0)1 814 7400

info@hiqa.ie

www.hiqa.ie